ISI
Seirbhis Dóchmainneachta
na hÉireann
Insolvency Service
of Ireland

Tuarascáil Bhliantúil 2022

isi.gov.ie

Clár Ábhar

1	Brollach ón Stiúrthóir	2
2	An tSeirbhís Dócmhainneachta – Na Nithe a Dhéanaimid	4
3	An tSeirbhís Dócmhainneachta – Cé Sinn	5
4	Grafaicí Faisnéise – Staitisticí don Bhliain 2022 ar Sracfhéachaint	6
5	Oibríochtaí	7
6	Reachtaíocht	16
7	Cumarsáid	17
8	Abhaile	19
9	Geallsealbhóirí	23
10	An tEolas Corparáideach is Déanaí	27
11	Aguisín 1: Cás-Staidéir	30
12	Aguisín 2: Tuilleadh Mionsonraí agus na Príomhstaitisticí – Fógraí Faoisimh Fiachais, Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta	32
13	Aguisín 3: Tuilleadh Mionsonraí agus na Príomhstaitisticí – Féimheacht	34
14	Aguisín 4: Tuilleadh Mionsonraí agus na Príomhstaitisticí – Beartas agus Rialáil	36
15	Aguisín 5: Tuilleadh Mionsonraí agus na Príomhstaitisticí – Beartas agus Rialáil	37
16	Ráitis Airgeadais	39

1 Brollach ón Stiúrthóir

Mar Stiúrthóir ar Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil uainn don bhliain 2022 a chur i láthair.

Bliain ríshuaite don gheilleagar ba ea an bhliain seo caite, ar lena linn a tháinig brú suntasach airgeadais ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh mar thoradh ar an mboilsciú mór marthanach agus na méaduithe ráta úis a bhí ann ar fud na tréimhse. Leis an gcreat dócmhainneachta, soláthraítear réitigh éagsúla do dhaoine atá den tuairim go bhfuil siad ag dul níos faide isteach i staid fiachais neamh-inbhuanaithe agus do dhaoine atá ag eispéiriú na staide an-strusmhar sin den chéad uair riamh. Cé go bhfuiltear ag díriú i dtuairiscí ó na meáin ar dhaoine a bhfuil fiachais an-mhór orthu, léirítear sna staitisticí uainn nach bhfuil ach fiachas neamh-inbhuanaithe measartha íseal ar fhormhór mór na ndaoine a bhaineann leas as ár réitigh.

Tá feabhas ag teacht go fóill ar an teagmháil idir cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus creidiúnaithe, rud atá le feiceáil sa líon méadaitheach cásanna ina bhfuil deimhnithe cosantacha á dtiontú ina gcomhshocraíochtaí comhaontaithe dócmhainneachta. Ba mhaith linn go mbainfeadh níos mó daoine úsáid as ár seirbhísí agus, chuige sin, chuireamar feachtas cuimsitheach feasachta i gcrích le linn na bliana. San fheachtas sin, leagadh béim ar thairbhí ár réiteach agus tugadh spreagadh do dhaoine ár suíomh Gréasáin backontrack.ie a rochtain chun teacht ar an réiteach a oireann is fearr dá n-imthosca. D'fháiltíomar roimh fhadú scéim Abhaile go dtí deireadh na bliana 2023, go dtí go gcuirfí athbhreithniú neamhspleách seachtrach ar an scéim fhoriomlán i gcrích. Tá scéim Abhaile ina tairseach thábhachtach d'fhéichiúnaithe i dtreo an chreata dócmhainneachta, agus táimid ag súil leis an toradh ar an athbhreithniú sa bhliain 2023.

D'fháiltigh an tSeirbhís Dócmhainneachta roimh fhoilsiú an Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022, freisin. Cuimsítear ansin leasuithe arb é an toradh a bheidh orthu, má achtaítear iad, ná go gcabhrófar leis an Sannaí Oifigiúil agus lena fhoireann féimheachta an dóigh a riartar eastáit féimheachta a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Táimid ag súil le cur chun feidhme na moltaí le haghaidh athchóirithe a rinneamar in aighneachtaí alt 141 uainn chuig an Roinn Dlí agus Cirt. Is athchóirithe ríthábhachtacha iad sin maidir lena chinntiú go mbainfidh an creat dócmhainneachta a lánacmhainneacht amach ó thaobh na héifeachtúlachta agus na hinrochtaineachta de. Leanfaimid le haon chabhair a theastaíonn a thabhairt don Roinn Dlí agus Cirt chun a chinntiú go gcuirfear na hathchóirithe sin chun feidhme a luaithe is féidir.

Lean an tSeirbhís Dócmhainneachta le hinfheistiú inár mbonneagar TF le linn na bliana 2022.

- I mí an Mhárta, chuireamar tionscadal i gcrích chun Éire a nascadh le cláir dhócmhainneachta na mBallstát uile den Aontas Eorpach tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas. Bhí an tSeirbhís Dócmhainneachta i gceannas ar an tionscadal, ag obair di le cabhair ó Oifig Scrúdaitheoir na hArd-Chúirte agus ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí.
- I mí an Mheithimh, chuireamar clár feabhsuithe ar ár gcóras bainistíochta cásanna darb ainm Phoenix i gcrích, rud lenar cuireadh feabhas ar an bhfeidhmiúlacht dár n-úsáideoirí seachtracha agus dár n-úsáideoirí inmheánacha araon.
- I mí Iúil, sheolamar leagan i bhfad níos fearr dár suíomh Gréasáin backontrack.ie. Cuirtear ar áireamh sa suíomh Gréasáin anois na fionnachtana taighde iompraíochta ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), rud a fhágann go bhfuil sé níos fusa an suíomh Gréasáin a nascleanúint agus go bhfuil sé níos tarraingtí d'fhéichiúnaithe. Is é an toradh atá ar na hathruithe sin ná go bhfuil sé níos fusa do dhaoine a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu teacht ar an réiteach atá oiriúnach dóibh agus, rud tábhachtach, dul i dteagmháil leis na daoine atá in ann cabhair a thabhairt dóibh.

- Le linn na bliana, chuireamar tús le tionscadal chun ár gcóras bainistíochta cásanna féimheachta a nuashonrú freisin. Leis an gcóras feabhsaithe, cuirfear feabhas ar ár gcumas chun eastáit féimheachta a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla. Táimid ag súil go mbeidh an córas beo i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Déanann an tSeirbhís Dócmhainneachta treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint i dtaobh cad is caighdeán maireachtála réasúnach agus caiteachais mhaireachtála réasúnacha ann. I bhfianaise na géarchéime costas maireachtála reatha go háirithe, tháinig na treoirlínte sin chun bheith ina n-uirlis bhunriachtanach le haghaidh cabhrú le torthaí córa inbhuanaithe a áirithiú i gcomhshocraíochtaí dócmhainneachta idir creidiúnaithe agus féichiúnaithe. Ag teacht sna sála ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí sa bhliain 2021, d'fhoilsigh an tSeirbhís Dócmhainneachta tacar treoirlínte athraithe chun dáta agus athbhreithnithe i mí Aibreáin 2022. Rinneadh na treoirlínte a athbhreithniú agus a athrú chun dáta an athuair i mí na Samhna 2022 chun an boilsciú méadaithe a chur san áireamh. Ós rud é go bhfuil an timpeallacht ardbhoilscithe ag leanúint ar aghaidh, is dóigh go ndéanfar tuilleadh athbhreithnithe ar na treoirlínte sa bhliain 2023.

Maidir leis na héachtaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo, léirítear iontu go raibh bliain tháirgiúil ag an tSeirbhís Dócmhainneachta agus tá siad ar an toradh ar obair dhícheallach agus dúthracht ár bhfoirne. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bpríomh-gheallsealbhóirí freisin as an gcabhair a thug siad sa bhliain, agus táimid ag súil le hobair i gcomhar leo an athuair sa bhliain 2023.

Michael McNaughton
Aibreán 2023

2 An tSeirbhís Dócmhainneachta – Na Nithe a Dhéanaimid

Comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh sa bhliain 2013 chun déileáil le dócmhainneacht phearsanta is ea Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Tá sé mar aidhm againn daoine a dhéanamh sócmhainneach arís agus iad a fhilleadh ar pháirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch.

Tá príomhfheidhmeanna na Seirbhíse Dócmhainneachta leagtha amach in alt 9 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 ("Acht 2012"). Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna sin:

3 An tSeirbhís Dócmhainneachta – Cé Sinn

Michael McNaughton

Stiúrthóir

Freagrach as foireann, riarachán agus gnó na Seirbhíse Dócmhainneachta a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne.

Trevor Noonan

Bainistíocht Cásanna

Freagrach as bainistiú agus próiseáil a dhéanamh ar na trí réiteach faoisimh fiachais faoi na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 go 2015, agus as an Líne Faisnéise a oibriú.

Liza Doyle

Seirbhísí Dlí

Freagrach as seirbhísí dlí a sholáthar do gach rannóg den tSeirbhís Dócmhainneachta.

Ian Larkin

Sannaí Oifigiúil Féimheacht

Freagrach as eastáit féimheachta a riar faoi na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2015.

John Phelan

Beartas, Rialáil agus Gnóthaí Corparáideacha

Freagrach as forbairt taighde agus beartais, as rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus ar idirghabhálaithe ceadaithe, as gach ní rialachais agus as raon s eirbhísí tacaíochta a sholáthar.

4 Grafaicí Faisnéise Staitisticí don Bhliain 2022 ar Sracfhéachaint

1,151
an líon Deimhnithe Cosantacha a eisíodh – 90% díobh do Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta, an réiteach lena ndéileáiltear le fiachas morgáiste

Léirítear sa sampla ionadaíoch ón Anailís Iniúchta Dhomhain a rinneadh ar Abhaile sa bhliain 2022 gur tharla sé, de na hiasachtaithe sin a bhain leas as Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, gur éirigh le 95% díobh téarmaí a áirithiú a d'fhág go raibh siad in ann fanacht san áras teaghlaigh agus gur éirigh le 44.3% d'iasachtaithe laghdú a áirithiú ina bhfiachas morgáiste trí laghdú na príomhshuime

1,076
an líon réiteach fiachais a cuireadh i bhfeidhm

73 chleachtóir dócmhainneachta pearsanta + 10 n-idirghabhálaí cheadaithe údaraithe ag deireadh na bliana

1,226
an líon ceann de dhearbháin Abhaile a eisíodh do chomhairliúchán saor in aisce le cleachtóir dócmhainneachta pearsanta

105 an líon daoine a breithníodh ina bhféimheach agus 189 an líon daoine a chuaigh amach as féimheacht

€1,453,650
luach na ndíbhinní a íocadh amach as eastáit féimheachta le creidiúnaithe

58
an líon áras teaghlaigh a athdhílsíodh

19
an líon Orduithe Íocaíochta Féimheachta a deonaíodh

74,286
an líon cuairteoirí ar shuíomhanna Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta

237
an líon ceann nua d'iarratais alt 115A a taisceadh, síos ó 285 cinn sa bhliain 2021

5 Oibríochtaí

Riarann an tSeirbhís Dócmhainneachta ceithre scéim ar leith chun daoine a bhfuil fiachais orthu a chumasú a bhfadhbanna fiachais a réiteach, is iad sin: Fógra Faoisimh Fiachais, Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais, Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, agus Féimheacht. D'éascaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta breis agus 13,000 réiteach le haghaidh féichiúnaithe dócmhainneacha ó bunaíodh í níos mó ná naoi mbliana ó shin[1].



Fíor 1: *Comhshocraíochtaí Ceadaithe Dócmhainneachta agus Féimheachtaí Ceadaithe (2021 agus 2022)*

Deimhnithe Cosantacha agus Comhshocraíochtaí a nDearna Éifeachtacha Iarmharacha Covid-19 difear dóibh

Faoi mar a tharla sa bhliain 2020, lean an líon iomlán Deimhnithe Cosantacha agus Comhshocraíochtaí de bheith ag laghdú sna blianta 2021 agus 2022 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2019. Bhí an ráta laghdaithe i bhfad níos moille, áfach. Is féidir go raibh tosca a bhain le hiarmhairtí phaindéim Covid-19 agus an éiginnteacht a chuir sí le himthosca pearsanta daoine aonair ina gcúis leis sin. Maidir leis na dúshláin a bhaineann leis na méaduithe atá ag teacht ar an gcostas maireachtála agus leis na rátaí úis aníos, is dóigh go ndéanfaidh siad difear do líon suntasach iasachtaithe. Is féidir go dtugann sé sin le fios go bhféadfadh go mbeadh méadú ann sa líon iarratas sa todhchaí, ach ní féidir é sin a rá le haon chinnteacht. Tháinig méadú beag 4% ar an líon daoine a bhain leas as an bpróiseas Fógra Faoisimh Fiachais.

1 Déanann an tSeirbhís Dócmhainneachta staitisticí mionsonraithe lena gcumhdaítear a cuid oibre a fhoilsiú ar a suíomh Gréasáin gach ráithe.

Cé gur tháinig laghdú sa bhliain 2022 ar an líon foriomlán Comhshocraíochtaí, áfach, is féidir a fheiceáil sa tábla thíos go bhfuil claonadh soiléir ann ag creidiúnaithe le blianta beaga anuas chun dul ó chéim an Deimhnithe Chosantaigh go glacadh leis an togra arna chur ar aghaidh le linn cruinnithe creidiúnaithe.



Fíor 2: *An ráta, mar %, de chásanna a tiontaíodh óna nDeimhniú Cosantach ina gComhshocraíocht ar Glacadh léi*



Fíor 3: *Cásanna Nua a cuireadh isteach chuig an tSeirbhís Dócmhainneachta, 2021 agus 2022*



Fíor 4: *Deimhnithe Cosantacha de réir Cineáil, 2021 agus 2022*



Fíor 5: *CDPanna, CSFanna agus FFFanna ar cheadaigh an Chúirt iad, 2021 agus 2022*



Fíor 6: *Gníomhaíocht cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta – an líon cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus an líon Deimhnithe Cosantacha a bhain siad amach, 2022*



Fíor 7: *Gníomhaíocht cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta – an líon cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus an líon Comhshocraíochtaí ar cheadaigh an Chúirt iad, 2022*

Athbhreithniú ón gCúirt ar Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta ar Diúltaíodh Dóibh (Athbhreithnithe Alt 115A)

Leasaíodh Acht 2012 sa bhliain 2015 chun alt nua 115A a thabhairt isteach. Ba é cuspóir an ailt nua sin ná sásra a sholáthar trína bhféadfaí iarraidh ar na Cúirteanna breithniú a dhéanamh ar Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta beartaithe nár ghlac creidiúnaithe leo ag an gcruinniú reachtúil creidiúnaithe. Tugadh tuilleadh leasuithe ar an alt sin d'Acht 2012 isteach sa bhliain 2021. Ba é an príomhleasú a rinneadh ná deireadh a chur leis an gceanglas gur ghá go raibh riaráiste ar fhéichiúnaí ag an 1 Eanáir 2015 nó gur ghá go ndearna féichiúnaí a raibh riaráiste air/uirthi roimh an 1 Eanáir 2015 comhshocraíocht aisíocaíochta eile leis an gcreidiúnaí urraithe lena mbaineann. Ar threoir a fháil ó fhéichiúnaí, féadfaidh cleachtóir dócmhainneachta pearsanta iarratas a dhéanamh ar ordú ón gcúirt lena ndeimhnítear teacht i bhfeidhm na Comhshocraíochta beartaithe Dócmhainneachta Pearsanta. Más rud é, tar éis athbhreithniú den sórt sin, go gceadaítear an t-iarratas, deonóidh an chúirt an t-ordú agus tiocfaidh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i bhfeidhm. Léirítear sa tábla thíos an líon iarratas ar athbhreithniú alt 115A a fuarthas agus a cuireadh ar aghaidh suas go deireadh na bliana agus stádas na n-iarratas sin.

Iarratais Alt 115A sa bhliain 2022	237	Agóidí ó Chreidiúnaithe	137 (58%)

Comhshocraíochtaí a Ceadaíodh	Tar éis Athbh-reithnithe	Tar éis Athbhreithnithe - Tá an tAchomharc ón gCreidiúnaí Gníomhach	Deimhníodh tar éis Achomhairc ó Chreidiúnaí	Tar éis Achomhairc ó Fhéichiúnaí	Iomlán	%
Gan Agóid a Fháil	452				452	
Ar Thoiliú	105		7	52	164	
Ar Thoiliú - Faoi Réir Athrú	153		1	58	212	
Tar éis Agóid a Fháil	267	8	17	71	363	
Iomlán na gCom-hshocraíochtaí a Ceadaíodh	977	8	25	181	1191	50%

Comhshocraíochtaí Nár Ceadaíodh	Tar éis Athbh-reithnithe	Tar éis Athbhreithnithe - Tá an tAchomharc ón bhFéichiúnaí Gníomhach	Cúlghaireadh tar éis Achomhairc ó Chreidiúnaí	Tar éis Achomhairc ó Fhéichiúnaí	Iomlán	%
De bharr Tarraingt Siar	24				24	
Ar Thoiliú	176			146	322	
De bharr Diúltú	591	54	1	208	854	
Iomlán na gCom-hshocraíochtaí Nár Ceadaíodh	791	54	1	354	1200	50%

Iomlán na nIarratas ar Tugadh Breitheanna ina leith	**1768**	**62**	**26**	**535**	**2391**	
Iarratais atá Gníomhach ar Athbhreithniú					**237**	
Iomlán na nIarratas a Rinneadh					**2628**	

Breitheanna Alt 115A, 2020-2022	
Comhshocraíochtaí a Ceadaíodh	**%**
656	52
Comhshocraíochtaí Nár Ceadaíodh	**%**
605	48

Fíor 8: *Iomlán iarratais Alt 115A agus torthaí go dtí deireadh na bliana 2022*

Athbhreithnithe Alt 115A ón gCúirt amhail deireadh mhí na Nollag 2022

Cinntear formhór na n-iarratas ar athbhreithniú ar bhonn na n-argóintí a chuirtear síos maidir le fiúntas tráchtála gach cáis, lena n-áirítear inbhuanaitheacht na dtograí agus méid an dochair líomhnaithe a rinneadh do chreidiúnaithe. Bhí sé dúshlánach cásanna beo a thabhairt chun críche arís eile sa bhliain 2022, mar gheall ar na himthosca a raibh a lán féichiúnaithe iontu le linn phaindéim Covid-19. Is dóigh go mbeidh cuid mhór cásanna den sórt sin fós beo go dtí go mbeidh tuilleadh cinnteachta ann maidir le himthosca féichiúnaithe sa todhchaí. Leanann cúirteanna, áfach, le béim a leagan ar an ngá le cásanna a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.

Toisc eile a dhéanann difear do chásanna a thabhairt chun críche is ea an líon achomharc a dhéantar in aghaidh breitheanna ón gCúirt Chuarda. Is iad féichiúnaithe a dhéanann formhór na n-achomharc sin. Maidir leis sin, i líon beag de na cásanna sin, is féidir go mbeidh an toradh ar ní sonrach amháin ábhartha don dul chun cinn ar líon mór cásanna eile. Sa bhliain 2022, bhí 65 achomharc ó fhéichiúnaithe ann in aghaidh iarratas alt 115A ar diúltaíodh dó. B'ionann an líon sin agus 41% de dhiúltuithe uile alt 115A, i gcomparáid le 27% sa bhliain 2021. Tá sé amhlaidh freisin, áfach, go bhfaca an tSeirbhís Dócmhainneachta méideanna méadaithe teagmhála i measc creidiúnaithe agus féichiúnaithe trí idirbheartaíocht socraíochta a dhéanamh ar roinnt iarratais níos fadtéarmaí. Is dóigh go gcabhróidh sé sin le moilleanna a íoslaghdú, go háirithe maidir leis na cásanna sin a réiteach.

Tá treocht leantach anuas le feiceáil sa líon iarratas atá á ndéanamh faoi alt 115A, cé nach bhfuil an laghdú chomh mór agus a chonacthas i mblianta roimhe. Bhí an líon iarratas a rinneadh sa bhliain 2022 (237 gcinn) beagáinín níos ísle ná an líon a rinneadh sa bhliain 2021 (285 cinn). Is ionann é sin agus laghdú 16%, agus is ionann é freisin agus laghdú 56% ón mbuaiclíon, a sroicheadh sa bhliain 2018. Is ann do roinnt tosca a rannchuidigh leis an líon níos ísle sin a bhaint amach. Ar an gcéad dul síos, tá an líon iarratas ag teacht leis an laghdú foriomlán sa líon iarratas ar Dheimhnithe Cosantacha agus ar Chomhshocraíochtaí, rud ar dóigh dó a bheith ina thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19. Tá sé amhlaidh freisin gurb é an toradh atá ar theacht chun cinn leantach tuilleadh dlí-eolaíochta ón Ard-Chúirt ná go bhfuil línte áirithe argóinte nó forais áirithe agóide á gcur ar aghaidh lena mbreithniú ag na Cúirteanna. Ina theannta sin, tá feabhas tagtha ar an teagmháil ghinearálta agus an tuiscint idir cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus creidiúnaithe. Mar thoradh ar an gcur chuige réamhghníomhach sin, thángthas ar líon méadaithe réiteach cuí trí phlé a dhéanamh agus trí na tograí tosaigh a mhionathrú, a cheadaítear sa deireadh ag cruinnithe creidiúnaithe. Idir an dá linn, leanann an tSeirbhís Dócmhainneachta le geallsealbhóirí a choinneáil ar an eolas faoi aon fhorbairtí trí na rChoimrí tréimhsiúla a chuireann sí ar fáil agus trí chruinnithe duine le duine le cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus le creidiúnaithe araon.

Tá an ráta ag a bhfuil creidiúnaithe ag déanamh agóid in aghaidh iarratais alt 115A ag leanúint ar aghaidh ag laghdú. Den 237 n-iarratas a rinneadh sa bhliain 2022, rinneadh agóid in aghaidh 58% díobh. Ba laghdú 67% é sin i gcomparáid leis an mbliain 2021 agus ba laghdú 89% é i gcomparáid leis an mbuaiclíon, a sroicheadh sa bhliain 2017. Is é atá sa treocht sin ná toradh dearfach eile ar an méadú sa teagmháil dhearfach atá ann idir creidiúnaithe agus féichiúnaithe chun teacht ar réitigh chuí.

Bliain	Iarratais	Agóidí	An Ráta Agóide Creidiúnaithe
2016	227	202	89%
2017	487	434	89%
2018	556	491	88%
2019	432	342	79%
2020	402	277	69%
2021	282	190	67%
2022	237	137	58%

Fíor 9: *Rátaí agóide creidiúnaithe Alt 115A, 2016 – 2022*

Achoimre ar Rialuithe Suntasacha ón gCúirt sa bhliain 2022

Leagtar amach sa tábla thíos na breitheanna suntasacha a thug an Ard-Chúirt le linn na bliana 2022. Ba faoi alt 115A a tionscnaíodh formhór na gcásanna lena mbaineann. Tá na breitheanna sin ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag www.courts.ie.

Cás	Na príomh-shaincheisteanna ar déileáladh leo	Dáta	Hipearnasc chuig an mbreithiúnas
Chambers	Fiacha ineisiata, costais imthosca speisialta	23/03/2022	
O'Regan	Achomharc creidiúnaí tar éis Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a chur i gcrích. (réamhphointe)	20/06/2022	
McEvoy	Fiachas i gcomaoin cothromais (cothromas dearfach)	22/06/2022	
Colton	Costais a bhaineann le himthosca speisialta; inacmhainneacht; costais na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta; iompar an fhéichiúnaí	18/07/2022	
Torpey	Fiachas ineisiata, aicme an chreidiúnaí	11/08/2022	
Moran Doyle	Nochtadh agus inbhuanaitheacht	11/08/2022	
Power	Inbhuanaitheacht/maireachtáil faoi bhun na gcaiteachas maireachtála réasúnach	12/10/2022	

Fíor 10: *Torthaí Suntasacha Cúirte sa bhliain 2022*

Le hIdirnascaire Dócmhainneachta an Aontais Eorpaigh, nasctar cláir dhócmhainneachta na mBallstát uile den Aontas Eorpach tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

Feabhsuithe ar an gCóras Bainistíochta Cásanna 'Phoenix'

Cuireadh tús le córas bainistíochta cásanna na Seirbhíse Dócmhainneachta, darb ainm Phoenix, a tháirgeadh i mí Mheán Fómhair 2020. Bunaithe ar an taithí a gnóthaíodh sna blianta tosaigh ar an gcóras a oibriú, shainaithin an tSeirbhís Dócmhainneachta tacar feabhsuithe chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus chun feidhmiúlacht a leathnú d'úsáideoirí seachtracha (idirghabhálaithe dócmhainneachta) agus do bhaill foirne inmheánacha na Seirbhíse Dócmhainneachta. Sonraíodh na feabhsuithe sin go mion i ndara leath na bliana 2021, agus thángthas ar chomhaontú lenár soláthraí bonneagair maidir leis na costais agus leis an amscála. Cuireadh na feabhsuithe sin chun feidhme in dhá chéim i Ráithe 2 den bhliain 2022, agus rinneadh iad de réir an bhuiséid agus an sceidil.

Tionscadal Idirnascaire an Aontais Eorpaigh

Leis an tionscadal seo, cuireadh ar chumas na hÉireann sonraí a chur le hIdirnascaire Dócmhainneachta an Aontais Eorpaigh, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2015/848 maidir le hImeachtaí Dócmhainneachta. Le hIdirnascaire Dócmhainneachta an Aontais Eorpaigh, nasctar cláir dhócmhainneachta na mBallstát uile den Aontas Eorpach tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas. Soláthraítear leis inneall cuardaigh comhchoiteann chun geallsealbhóirí a chumasú chun cuardach le haghaidh stádas dócmhainneachta nó féimheachta daoine aonair nó gnólachtaí ar fud an Aontais Eorpaigh. Soláthrófar leis freisin deimhniú maidir le féichiúnaithe a bheith sócmhainneach arís agus maidir lena ngníomhaíocht eacnamaíoch de réir mar a thagann siad amach as a gcomhshocraíochtaí.

Trí nascadh leis an gclár, cinntítear go nglacann Éire páirt iomlán i bhfaisnéis uile-Eorpa a sholáthar do chreidiúnaithe agus infheisteoirí san Aontas Eorpach. Chomhordaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta comhtháthú na gcóras de chuid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, de chuid Oifig Scrúdaitheoir na hArd-Chúirte agus dá cuid féin. Éascaíodh an comhtháthú trí úsáid a bhaint as bonneagar Microsoft Biztalk agus as acmhainní ar sholáthair seirbhís TF na Roinne Dlí agus Cirt iad. Cuireadh an comhtháthú i gcrích de réir an sceidil i mí an Mhárta 2022.

Nuashonrú an Chórais Bainistíochta Cásanna Féimheachta

Tar éis cleachtadh fairsing soláthair a chur i gcrích, dhámh an tSeirbhís Dócmhainneachta conradh i mí na Bealtaine 2022 le haghaidh córas nua bainistíochta cásanna féimheachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar fhorbairt táirgí agus tá sé beartaithe go rachadh an córas beo i Ráithe 3 den bhliain 2023.

Ar aon dul le cur chun feidhme an chórais bainistíochta cásanna féimheachta, leanfaidh an Rannóg le faireachán a dhéanamh ar a cuid oibríochtaí, agus le hiad a fheabhsú, ar mhaithe le cur chuige nuálach éifeachtúil a chothú i leith a cuid spriocanna agus cuspóirí gnó a bhaint amach.

Ba cheart go rannchuideodh an obair sin le heastáit a bhainistiú ar bhealach rianúil, agus tairbhí an chórais Féimheachta á soláthar d'fhéichiúnaithe, le sócmhainní a réadú go pras agus le díbhinní a íoc go pras le creidiúnaithe.

Athbhreithniú ar Chásanna Féimheachta

Fáltais ó Thalamh agus Foirgnimh	€7,150,484
Tiontú Pleananna Pinsean ina nAirgead	€1,922,511
Fáltais ó Fhiacha Dlite agus ó fhoinsí eile	€1,131,248
Ioncam cíosa ó réadmhaoine	€524,984
Orduithe Íocaíochta Ioncaim	€403,976
Díol Urrús	€333,991
	€11,467,193

€11,467m Luach na Sócmhainní a Réadaíodh

€1.453m Luach na ndíbhinní a eisíodh chuig creidiúnaithe

189 An líon daoine a chuaigh amach as féimheacht

105 An líon féimheach nua

58 An líon áras a athdhílsíodh don iarfhéimheach

19 An líon Orduithe Íocaíochta Féimheachta a cheadaigh an Ard-Chúirt

16 An líon faduithe a rinne an Ard-Chúirt ar an téarma féimheachta de bharr neamhchomhlíonadh, arbh orduithe eatramhacha iad ocht gcinn díobh agus arbh orduithe deiridh iad ocht gcinn díobh

Chonacthas an laghdú i gcásanna in Éirinn sa bhliain 2022 i Sasana agus sa Bhreatain Bheag freisin, áit a raibh laghdú 24% ann i gcomparáid leis an mbliain 2021 agus gur shroich an líon féimheachtaí an leibhéal is ísle ó bhí an bhliain 1981 ann. Ní raibh aon athrú ann sa líon féimheachtaí i dTuaisceart Éireann[2].

B'ionann agus 93 dhuine an líon féichiúnaithe a rinne achainí chuig an Ard-Chúirt ar son a bhféimheachta féin le linn na bliana, i gcomparáid le 169 nduine sa bhliain 2021. Rinne creidiúnaithe 12 achainí ar son a bhféimheachta le linn na bliana, i gcomparáid le 30 ceann sa bhliain 2021. Bhí 89% d'fhéimheachtaí sa bhliain 2022 ina bhféimheachtaí a ndearnadh féinachainí ar a son agus bhí 11% díobh ina bhféimheachtaí a ndearna creidiúnaithe achainí ar a son.

Miondealú		
Cineál Cáis	2021	2022
Féinachainíoch	85%	89%
Achainí a bheith déanta	15%	11%
Iomlán	100%	100%

Tá sé fós casta agus dúshlánach féimheachtaí a riar. Sa bhliain 2022, ba threocht shonraíoch í go raibh féichiúnaithe a bhunaigh a n-ionad príomhleasa ("COMI") in Éirinn á mbreithniú ina bhféimheach in Éirinn. I measc nithe eile, chonacthas sa treocht sin líon méadaithe imscrúduithe ar shócmhainní a d'fhéadfadh a bheith lonnaithe lasmuigh de dhlínse na hÉireann agus cuirtear san áireamh inti Rialachán (AE) 2015/848 maidir le hImeachtaí Dócmhainneachta agus an tAcht Féimheachta, 1988 ("Acht 1988").

B'ionann agus 93 dhuine an líon féichiúnaithe a rinne achainí chuig an Ard-Chúirt ar son a bhféimheachta féin le linn na bliana, i gcomparáid le 169 nduine sa bhliain 2021.

2 Tráchtaireacht ó Sheirbhís Dócmhainneachta na Ríochta Aontaithe – Staitisticí maidir le Dócmhainneacht Daoine Aonair, Deireadh Fómhair go Nollaig 2022 - GOV.UK (www.gov.uk)

6 Reachtaíocht

Sa bhliain 2017, d'iarr an Roinn na tuairimí ó pháirtithe leasmhara maidir le hoibriú Chuid 3 d'Acht 2012. Chuir an tSeirbhís Dócmhainneachta aighneacht chuimsitheach faoi bhráid na Roinne ag an am sin (ar aighneacht í a athbhreithníodh agus a athraíodh chun dáta ón uair sin i leith). San aighneacht sin, sainaithníodh neamhéifeachtúlachtaí sa phróiseas dócmhainneachta agus rinneadh moltaí chun éifeachtúlachtaí a bhrú chun cinn, chun bacainní ar iontráil a laghdú agus chun feabhas a chur ar an bpróiseas foriomlán.

I mí na Bealtaine 2021, tugadh isteach leis an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2021 (Uimh. 10 de 2021), roinnt athruithe tábhachtacha ar an dlí maidir le dócmhainneacht phearsanta, lena n-áirítear forálacha chun déileáil le héifeachtaí phaindéim Covid-19. Tá an tSeirbhís Dócmhainneachta ag súil leis go ndéanfar athruithe tábhachtacha eile ar an reachtaíocht dócmhainneachta pearsanta roimh i bhfad agus leanfaidh sí le hobair i ndlúthchomhar leis an Roinn chun dul chun cinn a dhéanamh ar na hathruithe riachtanacha sin.

Rinneadh an reachtaíocht thánaisteach seo a leanas sa bhliain 2022:

I.R. Uimh. 213/2022 - Na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Foirm Iarratais Fhorordaithe ar Dheimhniú Cosantach do Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta), 2022
Forordaítear leis na Rialacháin seo an fhoirm nua atá le húsáid nuair atáthar ag déanamh iarratas ar Dheimhniú Cosantach i ndáil le togra le haghaidh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta.

I.R. Uimh. 214/2022 - Na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Foirm Iarratais Fhorordaithe ar Dheimhniú Cosantach do Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais), 2022
Forordaítear leis na Rialacháin seo an fhoirm nua atá le húsáid nuair atáthar ag déanamh iarratas ar Dheimhniú Cosantach i ndáil le togra le haghaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais.

I.R. Uimh. 215/2022 - Na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Foirm Iarratais Fhorordaithe ar Fhógra Faoisimh Fiachais), 2022
Forordaítear leis na Rialacháin seo an fhoirm nua atá le húsáid nuair atáthar ag déanamh iarratas ar Fhógra Faoisimh Fiachais.

I.R. Uimh. 228/2022 - Na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Ráiteas Airgeadais Forordaithe) (Leasú), 2022
Foráiltear leis na Rialacháin seo do na Ráitis Airgeadais Fhorordaithe nua atá le húsáid i gcomhshocraíochtaí dócmhainneachta faoi Acht 2012.

AN BILLE UM CHÚIRTEANNA AGUS AN DLÍ SIBHIALTA (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2022
Cuimsítear sa Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022, roinnt leasuithe ar Acht 1988 arb é an toradh a bheidh orthu, má achtaítear iad, ná go n-éascófar riaradh éifeachtach éifeachtúil a dhéanamh ar eastáit féimheachta. Áirítear leis na leasuithe sin:

(a) foráil chun deireadh a chur leis an gceanglas atá ar an Sannaí Oifigiúil cead a fháil ón gCúirt roimh mhaoin dhochraideach a shéanadh;

(b) foráil lena bhforáiltear go ndéanfaí an Sannaí Oifigiúil faisnéis a sheiceáil agus a stampáil sula gcomhdófaí í sa Chúirt;

(c) foráil chun íoc díbhinní le creidiúnaithe a chuíchóiriú;

(d) foráil chun a chinntiú nach mbainfear mí-úsáid as an bpróiseas um ordú íocaíochta féimheachta.

7 Cumarsáid

Tá Grúpa tiomnaithe Tionscadail Cumarsáide i bhfeidhm ag an tSeirbhís Dócmhainneachta. Cuimsíonn an grúpa ionadaithe trasrannóige na heagraíochta agus tá sé mar chúram air gníomhaíochtaí cumarsáide a phleanáil agus a chomhordú chun a chinntiú go scaiptear teachtaireachtaí tábhachtacha ar gach geallsealbhóir trí na cainéil chuí.

Le linn na bliana 2022, chomhordaigh an grúpa feachtais faisnéise, rinne sé idirchaidreamh leis na meáin agus chinntigh sé go raibh rochtain éasca ag ár spriocphobal ar shuíomhanna Gréasáin, foilseacháin agus foinsí faisnéise gaolmhara na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Feachtas Faisnéise na Bliana 2022

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, reáchtáil an tSeirbhís Dócmhainneachta mórfheachtas 'Back on Track' (www.backontrack.ie) i dtús na bliana, ar tréimhse í ina bhfuil daoine ag déanamh machnamh ar a gcaiteachas um Nollaig agus ina bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí airgeadais ag teacht orthu. Mar gheall ar na dúshláin leantacha a bhaineann le paindéim Covid-19, cuireadh an feachtas ar siúl ina dhá bhabhta arís i mbliana chun go mairfeadh sé tréimhse níos faide. Bhí na babhtaí sin ar siúl ón 27 Nollaig go dtí an 6 Feabhra agus ón 28 Márta go dtí an 24 Aibreán.

Ba é aidhm an fheachtais ná leanúint le cur leis an bhfeasacht agus an tuiscint ar an gcabhair atá ar fáil do gach duine, beag beann ar a leibhéil fiachais, cur leis an bhfeasacht branda ar an tSeirbhís Dócmhainneachta agus ar a réitigh, agus tuilleadh oscailteachta a spreagadh maidir le fadhbanna fiachais a phlé. Bhí an spriocphobal cosúil, den chuid is mó, leis an spriocphobal le haghaidh feachtais roimhe, ba iad sin: daoine atá 35 bliana d'aois nó níos sine agus atá i gcruachás airgeadais.

Úsáideadh cainéil éagsúla meán le linn an fheachtais, lenar áiríodh fógraí ar an teilifís, ar fhíseán ar éileamh, ar thaispeántais dhigiteacha, ar an raidió, ar mheáin dhigiteacha fuaime agus sa phreas. Tarraingíodh aird san fheachtas ar an mbrú ollmhór a ghabhann le fiachas agus ar an bhfaoiseamh mór a mhothaíonn daoine a luaithe a thugann siad aghaidh ar a staid agus a lorgaíonn siad cabhair. I gcomhthráth leis an bhfeachtas, ghlac Stiúrthóir na Seirbhíse Dócmhainneachta páirt i roinnt agallamh ar an raidió chun daoine a bhfuil fiachas orthu a spreagadh aghaidh a thabhairt ar a staid agus teagmháil a dhéanamh le cleachtóir dócmhainneachta pearsanta nó le hidirghabhálaí ceadaithe chun a fháil amach cé na roghanna a bheadh ar fáil dóibh.

Cuireadh feachtas ina dhiaidh sin a raibh dhá bhabhta i gceist leis ar siúl ón 26 Meán Fómhair go dtí an 30 Deireadh Fómhair agus ón 7 Samhain go dtí an 4 Nollaig. Forbraíodh an feachtas sin tar éis meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an fheachtais scoilte a reáchtáladh thar an gcéad cheithre mhí den bhliain. Leis an bhfeachtas sin, treoraíodh na daoine sin a bhfuil fadhbanna fiachais phearsanta acu chuig ár suíomh Gréasáin nua-athfhorbartha 'Back on Track', áit a dtairgtear cabhair go díreach. Áiríodh leis an bhfeachtas fógraí ar fhíseán ar éileamh, ar mheáin dhigiteacha fuaime agus ar an raidió, mar aon le seimineár Gréasáin a beoshruthaíodh.

Le linn na bliana, chuaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta i dteagmháil le roinnt eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a bhíonn i dteagmháil dhíreach le daoine a bhfuil fadhbanna fiachais phearsanta acu.

Suíomh Gréasáin Nua 'Back on Track'

Ag teacht sna sála ar phróiseas rathúil tairisceana, cuireadh tús le hobair sna míonna tosaigh den bhliain 2022 ar an suíomh Gréasáin 'Back on Track' a athfhorbairt chun suíomh a bheadh níos sorochtana agus níos áisiúla don úsáideoir a chruthú. Is é suíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta atá dírithe ar fhéichiúnaithe é. Tógadh na príomhfhionnachtana ó thuarascáil ó ESRI (bunaithe ar thaighde a rinneadh thar ceann na Seirbhíse Dócmhainneachta ar an nglacadh le réitigh fiachais) agus cuireadh iad sin lena raibh ar eolas againn cheana féin faoinár spriocphobal. Chuaigh an suíomh nua beo an 11 Iúil 2022, agus tairseach dhírithe á tabhairt lena gcuirtear féichiúnaithe atá i ngátar i dteagmháil leis na daoine



ar féidir leo cabhrú leo. Tríd an suíomh Gréasáin, treoraítear cuairteoirí chuig faisnéis a chabhraíonn leo tuiscint a ghnóthú ar conas dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Dócmhainneachta (agus a chabhraíonn leo an mhuinín a ghnóthú as déanamh amhlaidh).

Leis an suíomh Gréasáin, léirítear do chuairteoirí na réitigh fiachais is oiriúnaí dá staid ar leith. Cuimsítear ann crainn chinnteoireachta chun cuairteoirí a threorú chuig an bhfaisnéis a theastaíonn uathu trí phróiseas céim ar chéim i leith an réiteach a oireann is fearr dóibh a shainaithint. Is ar an bpróiseas a mhíniú a leagtar an bhéim, in ionad an bhéim a leagan ar na buntáistí a bhaineann le gach réiteach a liostú ina aonar. Rinneadh an t-áireamhán caiteachas maireachtála réasúnach a chothabháil agus a fheabhsú, agus cuirtear ar chumas úsáideoirí leis an eolaire breisithe cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus idirghabhálaithe ceadaithe teacht ar mhionsonraí teagmhála go réidh, lena n-áirítear mionsonraí teagmhála na gcleachtóirí dócmhainneachta pearsanta atá ina limistéar.

Suíomh Gréasáin Corparáideach na Seirbhíse Dócmhainneachta

Cuireadh tús sna míonna tosaigh den bhliain 2022 le hobair le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais chun suíomh Gréasáin corparáideach na Seirbhíse Dócmhainneachta a bhogadh chuig an ardán gov.ie ar aon dul le ranna agus gníomhaireachtaí eile rialtais. Mar chuid den bhogadh sin, rinneadh athbhreithniú iomlán ar leagan amach agus ábhar an tsuímh. Táthar ag súil go rachaidh an suíomh nua gov.ie beo sna míonna tosaigh den bhliain 2023.

8 Abhaile

Seoladh Abhaile, an 'Scéim um Chabhair agus Comhairle d'Iasachtaithe a bhfuil Riaráiste Morgáiste Tí orthu', an 22 Iúil 2016 agus tá sé á chomhordú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá Abhaile á oibriú ag roinnt gníomhaireachtaí i gcomhar lena chéile, lena n-áirítear an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS), an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tSeirbhís Dócmhainneachta. Faoin scéim, a bheidh ar siúl suas go deireadh mhí na Nollag 2023 anois tar éis don Rialtas í a fhadú i mí na Samhna 2022, soláthraítear raon seirbhísí chun cabhrú le daoine a bhfuil riaráiste morgáiste orthu agus, trí dhearbhán a n-eisíonn MABS go lárnach é, tairgtear rochtain saor in aisce ar chomhairle maidir le cúrsaí airgeadais agus dlí trí phainéil gairmithe cáilithe rialáilte. Ghlac an tSeirbhís Dócmhainneachta páirt i bhfóraim rialachais uile Abhaile ar fud na bliana.

Coimeádann an tSeirbhís Dócmhainneachta painéal cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta, a gcistítear iad chun comhairle agus cabhair neamhspleách airgeadais a thabhairt saor in aisce d'iasachtaithe incháilithe. Próiseálann sí na héilimh íocaíochta uathu faoin scéim freisin. Tháinig painéal cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta Abhaile reatha i bhfeidhm i dtús mhí an Mhárta 2020 tar éis téarmaí agus coinníollacha na scéime a athbhreithniú. Bhí 50 cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ann ar an bpainéal amhail mí na Nollag 2022. Eisíodh leagan nuashonraithe de na Téarmaí agus na Coinníollacha an 10 Nollaig 2021 de bhun thosach feidhme an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2021.

Éascaítear le scéim Abhaile sreabhadh réidh faisnéise idir MABS agus cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta go háirithe, rud atá tábhachtach nuair atáthar ag féachaint le freastal ar iasachtaithe agus cabhair a thabhairt dóibh ar bhealach comhtháite ag an am is cuí. Sa bhliain 2022:

- eisíodh 1,226 dhearbhán chuig iasachtaithe le haghaidh comhairliúchán saor in aisce le cleachtóir dócmhainneachta pearsanta de réir thaifid MABS; agus
- rinne na cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta sin a chuir comhairliúchán i gcrích le hiasachtaithe 972 dhearbhán a fhuascailt.

Bhí méadú 1.9% agus 2.75% faoi seach ann ar an líon ceann de dhearbháin cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta Abhaile a eisíodh agus a fuasclaíodh ina dhiaidh sin sa bhliain 2022 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2021. Is féidir a fheiceáil sa mhéadú sin i ngníomhaíocht gur tháinig maolú ar na tosca, amhail paindéim Covid-19, a bhí ag déanamh difear diúltach don ghlacadh leis an scéim. Chonacthas arís eile sa bhliain 2022 an treocht dhearfach a tugadh faoi deara sna blianta roimhe, áit a bhfuil formhór na n-iasachtaithe a théann i dteagmháil le cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta i riaráiste morgáiste le níos mó ná dhá bhliain anuas. Is ionann an cohórt sin agus spriocphobal na scéime.

Tá anailís ar aschuir phainéal cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta Abhaile ó sheoladh na scéime go deireadh na bliana 2022 curtha i láthair anois. Tá anailís níos doimhne déanta ina dhiaidh sin ar na torthaí a baineadh amach d'fhéichiúnaithe ar fhuascail cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta dearbháin ina leith i Ráithe 3 den bhliain 2021. I mbeagán focal, tá réitigh á mbaint amach go tráthúil d'iasachtaithe trí phainéal cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta Abhaile, agus is bealach tábhachtach tarchuir iad ár gcomhghleacaithe i MABS. I gcás na ndearbhán a fuasclaíodh sa bhliain 2022, bhí 87.2% de na hiasachtaithe i riaráiste morgáiste le níos mó ná dhá bhliain anuas, agus moladh réiteach reachtúil do 82.4% díobh.

Anailís ar Phainéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile – Aschuir agus Torthaí d'Fhéichiúnaithe

Úsáidtear dhá chineál táscaire chun anailís a dhéanamh ar rath an phainéil cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta trí scéim Abhaile:

A. Táscairí aschuir, lena dtugtar faisnéis chúlra a bhaineann leis an nglacadh leis an scéim trí dhearbháin cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a eisiúint agus a fhuascailt (mar atá léirithe thíos ó sheoladh na scéime sa bhliain 2016 go deireadh na bliana 2022); agus

B. Táscairí toraidh, lena léirítear na torthaí a baineadh amach amhail Meitheamh 2022 d'iasachtaithe ar fuasclaíodh dearbháin cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta ina leith i Ráithe 3 den bhliain 2021 (bunaithe ar shampla ionadaíoch ón 'Anailís Iniúchta Dhomhain'). Cuireadh an anailís i gcrích dhá mhí roimh an ngnáth-spriocdháta chun táscairí feidhmíochta atá cothrom le dáta a sholáthar chun críche an athbhreithnithe straitéisigh ar an scéim.

Maidir le dearbháin Abhaile a fuasclaíodh idir na blianta 2019 agus 2022, tháinig méadú ar an ráta ag ar tiontaíodh cásanna óna nDeimhniú Cosantach ina gComhshocraíocht ó 49% sa bhliain 2019 go 68% sa bhliain 2022.

TÁSCAIRÍ ASCHUIR Ó ABHAILE

13,639
an líon dearbhán a d'fhuascail cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta ó thús na scéime go mí na Nollag 2022

B'ionann luach iomlán an fhiachais a bhain leis na dearbháin sin agus
€6.49 billiún

B'ionann luach iomlán an fhiachais morgáiste a bhain leis na dearbháin agus
€3.995 billiún

B'ionann an cothromas diúltach iomlán[3] a bhain leis na dearbháin sin agus
€778 milliún

76%
an céatadán d'iasachtaithe a ghlac páirt sa scéim a bhí i riaráiste morgáiste le níos mó ná dhá bhliain anuas

57%
an céatadán d'iasachtaithe a tarchuireadh ó MABS (43%) nó a raibh imeachtaí cúirte ar son athshealbhaithe os a gcomhair (14%)

73%
an céatadán d'iasachtaithe ar moladh réiteach foirmiúil dóibh trí iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Cosantach

14%
an céatadán d'iasachtaithe ar moladh réiteach neamhfhoirmiúil eile dóibh

4%
an céatadán d'iasachtaithe ar moladh dóibh iarratas a dhéanamh chuig an Scéim Cíos in ionad Morgáiste

3%
an céatadán d'iasachtaithe ar moladh dóibh iarratas a dhéanamh ar fhéimheacht

3 Cothromas diúltach – is ísle luach na réadmhaoine ná luach an mhorgáiste atá dlite
4 Féach Aguisín 4

TÁSCAIRÍ TORAIDH Ó ABHAILE

Faoin scéim, athbhreithníonn an cleachtóir dócmhainneachta pearsanta imthosca airgeadais an iasachtaí agus déanann sé/sí moladh chun aghaidh a thabhairt ar a d(h)eacrachtaí airgeadais. Is é cuspóir na 'hAnailíse Iniúchta Dhomhain' a dhéantar gach bliain a scrúdú cad a tharla don iasachtaí tar éis an mholta sin. Ní fhéadfar scrúdú den sórt sin a dhéanamh ach amháin go cúlghabhálach. Léirítear i sonraí ón tSeirbhís Dócmhainneachta gur tharla sé, i gcás dhearbháin Abhaile a éilíodh sa bhliain 2022 agus a raibh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cheadaithe ar an t oradh orthu, gur thóg sé pas beag níos mó ná ceithre seachtaine ar an meán tar éis an cás a chur isteach chun Deimhniú Cosantach a fháil agus gur thóg sé ocht seachtaine déag eile (níos mó ná ceithre mhí) ar an meán chun ceadú do Chomhshocraíocht a fháil ón gcúirt.

Baineann an 'Anailís Iniúchta Dhomhain' a rinneadh sa bhliain 2022 le 282 iasachtaí ar fhuascail cleachtóir dócmhainneachta pearsanta dearbhán ina leith i Ráithe 3 den bhliain 2021. Tá miondealú ar na torthaí a baineadh amach do na hiasachtaithe sin amhail Meitheamh 2022 tugtha thíos (Fíor B1). Tugtar leis an ngrafaic faisnéise ina dhiaidh sin forbhreathnú ar phríomhfhionnachtana na hAnailíse Iniúchta Dhomhain.

- Tá réiteach i bhfeidhm ag 112 iasachtaí (40%); idir réitigh fhoirmiúla (38%) agus réitigh neamhfhoirmiúla (2%) – tá Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i bhfeidhm ag 106 dhuine, tháinig ceathrar ar réiteach neamhfhoirmiúil (lenar áiríodh triúr a rinne iarratas rathúil ar Chíos in ionad Morgáiste), agus breithníodh beirt iasachtaithe ina bhféimheach.
- Tá 67 n-iasachtaí (24%) ag obair lena gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta chun teacht ar réiteach foirmiúil – tá 27 nduine i mbun phróiseas athbhreithnithe alt 115A, tá réiteach foirmiúil á bhreithniú ag 34 dhuine, tá sé beartaithe ag cúigear iarratas a dhéanamh ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta an athuair tar éis diúltú don chéad togra Comhshocraíochta a shaothraigh siad, agus tá iasachtaí amháin ag smaoineamh faoi achainí a dhéanamh le haghaidh féimheachta.
- Tá 29 n-iasachtaí (10%) ag lorg réiteach neamhfhoirmiúil – tá 18 dhuine ag obair lena gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta chun comhshocraíocht neamhfhoirmiúil a bhaint amach agus tá ceathrar ag saothrú Cíos in ionad Morgáiste. De bhreis air sin, tarchuireadh seachtar eile ar ais chuig MABS chun tacaíocht a fháil uaidh.
- Ní dhearna 68 n-iasachtaí (24%) aon bheart eile tar éis dóibh moladh a fháil ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta. Tabhair faoi deara go leanann cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta le hiarracht a dhéanamh dul i dteagmháil leis an gcohórt sin a mhéid is féidir.
- Tá cúigear iasachtaithe (2%) aicmithe sa chatagóir 'ar an méar fhada' mar gheall ar shaincheisteanna ioncaim a bhaineann le paindéim Covid-19. Ba é an réiteach a moladh do gach duine de na hiasachtaithe sin ná iarratas a dhéanamh ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta.



Fíor B1: *Miondealú ar thorthaí iasachtaithe ó Ráithe 3 den bhliain 2021 amach, dar le cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta i mí an Mheithimh 2022: 282 iasachtaí sa sampla*

TÁSCAIRÍ TORAIDH Ó ABHAILE

80% an céatadán d'iasachtaithe sa sampla a bhí i riaráiste morgáiste le níos mó ná dhá bhliain anuas nuair a lorg siad comhairle ó chleachtóir dócmhainneachta pearsanta

86% an céatadán d'iasachtaithe ar moladh dóibh Comhshocraíocht fhoirmiúil a shaothrú faoi Acht 2012

60% an céatadán d'iasachtaithe a tarchuireadh chuig a gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta trí MABS

95% an céatadán d'iasachtaithe a bhfuil Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i bhfeidhm acu a d'fhan ina n-áras

106 an líon Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta a cuireadh i bhfeidhm

86% an céatadán de na Comhshocraíochtaí ceadaithe a comhaontaíodh ag an gcruinniú creidiúnaithe, agus ceadaíodh na cinn a bhí fágtha trí phróiseas athbhreithnithe alt 115A

67% an céatadán de na Comhshocraíochtaí uile sa bhliain 2022 ar cheadaigh creidiúnaithe neamhthraidisiúnta iad

44% an céatadán de Chomhshocraíochtaí a raibh laghdú ar an morgáiste ar áireamh iontu

€158,174 an meánlaghdú

€120,361 an laghdú airmheánach

Ba iad caipitliú riaráiste agus ansin fadú téarma agus laghdú ar an bpríomhshuim/laghdú na cineálacha athstruchtúraithe morgáiste is mó úsáid i gComhshocraíochtaí le creidiúnaithe traidisiúnta agus le creidiúnaithe neamhthraidisiúnta araon.

> *Maidir le dearbháin Abhaile a fuasclaíodh, ní dhearna 68 n-iasachtaí (24%) aon bheart eile tar éis dóibh moladh a fháil ón gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta.*

9 Geallsealbhóirí

Gníomhaíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta mar údarás ar na roghanna reachtúla dócmhainneachta pearsanta atá ar fáil do dhaoine aonair a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus mar chaomhnóir ar an gcreat uileghabhálach atáthar ag forbairt agus ag breisiú ó bhí an bhliain 2013 ann. Chuige sin, téann an tSeirbhís Dócmhainneachta i dteagmháil thráthrialta le raon leathan geallsealbhóirí agus féachann sí le léargas a sholáthar dóibh, go háirithe trí shonraí staitistiúla agus treochtaí ar ábhair spéise iad a thabhairt dóibh maidir leis an nglacadh leis na roghanna sin. Chomh maith leis sin, tá idirghníomhaíocht den sórt sin ina sásra le haghaidh dúshláin agus deiseanna araon a phlé toisc gur ag athrú de shíor a bhíonn an timpeallacht ina n-oibríonn an reachtaíocht dócmhainneachta pearsanta. Rud suntasach ar leith is ea an teagmháil leanúnach a dhéanann an tSeirbhís Dócmhainneachta le roinnt geallsealbhóirí tábhachtacha amhail cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta go díreach agus trí Chumann na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta, creidiúnaithe trí Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann agus MABS. Léirigh oidhreacht phaindéim Covid-19 tuilleadh cé chomh tábhachtach agus atá sé go n-oibreodh gach geallsealbhóir le chéile chun torthaí córa a bhaint amach d'fhéichiúnaithe agus do chreidiúnaithe. Beag beann ar na dúshláin a bhí i réim le linn na bliana, lean an creat dócmhainneachta pearsanta ar aghaidh ag forbairt chun leas gach geallsealbhóra, lena n-áirítear na daoine sin a dteastaíonn cúnamh uathu.

Caiteachais Mhaireachtála Réasúnacha

Ceanglaítear ar an tSeirbhís Dócmhainneachta treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint i dtaobh cad is caighdeán maireachtála réasúnach agus caiteachais mhaireachtála réasúnacha ann. Cuireadh comhairliúchán poiblí ar chaiteachais mhaireachtála réasúnacha ar siúl sa bhliain 2021. Ba é príomhchuspóir an chomhairliúcháin sin ná tuairimí a fháil ó gheallsealbhóirí maidir leis na hathruithe a bhí beartaithe ar na caiteachais mhaireachtála réasúnacha. Áiríodh leo sin athruithe ar na figiúirí caiteachas maireachtála réasúnach, rud a bhí bunaithe ar an tionscadal athbhreithnithe agus athbhunaithe a bhaineann leis an Íoschaighdeán Maireachtála Bunriachtanach, ar ghabh an Chomhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta é de láimh, agus ar an nuashonrú bliantúil caiteachas maireachtála réasúnach don bhliain 2021.

I mí Feabhra 2022, d'fhoilsigh an tSeirbhís Dócmhainneachta tuarascáil iarchomhairliúcháin inar mionsonraíodh forbhreathnú ar an aiseolas ó gheallsealbhóirí, ar mar fhreagairt dó a chinn an tSeirbhís Dócmhainneachta na treoirlínte maidir le caiteachais mhaireachtála réasúnacha a leasú ar na bealaí seo a leanas:

1. Baintear costais árachais mótarfheithicle agus baile ó chostais sheasta sna caiteachais mhaireachtála réasúnacha agus gabhtar iad faoi bhloc tógála nua de chuid na gcaiteachas maireachtála réasúnach dar teideal 'árachas mótarfheithicle agus baile'.
2. Soláthraítear liúntas le haghaidh saoire aon seachtaine in Éirinn i gcostais sheasta na gcaiteachas maireachtála réasúnach.

D'admhaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta an méid seo a leanas freisin:

1. I gcás leanbh atá ag freastal ar choláiste, ba cheart an liúntas linbh meánscoile, gan asbhaint le haghaidh Sochar Linbh, a úsáid chun treorú a dhéanamh ar na costais atá le cur ar áireamh sa chatagóir imthosca speisialta de chuid na gcaiteachas maireachtála réasúnach, go dtí go gcuirfear tuilleadh taighde i gcrích.
2. Úsáid leantach a bhaint as an gcatagóir imthosca speisialta de chuid na gcaiteachas maireachtála réasúnach chun soláthar a dhéanamh do chostais árachais sláinte phríobháidigh i gcás gur cuí leis an gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta nó leis an idirghabhálaí ceadaithe déanamh amhlaidh. Nuair is infheidhme, leanfar le costais árachais um chosaint morgáiste a ghabháil faoin gcatagóir imthosca speisialta.
3. Beidh feidhm ag figiúirí leasaithe caiteachas maireachtála réasúnach maidir le cásanna nua dócmhainneachta atá ag céim an iarratais.

Eisíodh treoirlínte leasaithe maidir le caiteachais

mhaireachtála réasúnacha i mí Aibreáin 2022 tar éis tuarascáil iarchomhairliúcháin a fhoilsiú. Mar thoradh ar an athbhreithniú bliantúil a rinne an Chomhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta ar an íoschaighdeán maireachtála bunriachtanach sa bhliain 2022, d'eisigh an tSeirbhís Dócmhainneachta treoirlínte leasaithe breise maidir le caiteachais mhaireachtála réasúnacha i mí na Samhna. Tá na treoirlínte sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

I mbliana, aistríodh an fhreagracht as taighde ar an Íoschaighdeán Maireachtála Bunriachtanach ón gComhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta chuig an Ionad Uinseannach nuabhunaithe um Thaighde ar an Íoschaighdeán Maireachtála Bunriachtanach i gCumann Naomh Uinseann de Pól. Admhaíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta an méid suntasach a rannchuidigh an Chomhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta leis trína cuid oibre ar chaiteachais mhaireachtála réasúnacha agus leanfaidh sí le teagmháil ghníomhach a dhéanamh leis an Ionad Uinseannach um Thaighde ar an Íoschaighdeán Maireachtála Bunriachtanach i gCumann Naomh Uinseann de Pól.

An Coiste Maoirseachta ar Phrótacail

Bunaíodh an coiste sa bhliain 2015 chun faireachán agus cur chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme praiticiúil na bPrótacal um Fhógraí Faoisimh Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta ar chomhaontaigh na geallsealbhóirí éagsúla iad ar mhaithe le feabhas a chur ar oibriú foriomlán an chreata dócmhainneachta. Cuimsíonn an coiste ionadaithe do chreidiúnaithe, do ghrúpaí féichiúnaithe, do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus do dhaoine eile agus tháinig sé le chéile i mí Eanáir, i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna 2022. Le linn na bliana, comhaontaíodh nóta dea-chleachtais maidir leis an sceideal íocaíochtaí díbhinní. Comhaontaíodh freisin teimpléid doiciméadúcháin éagsúlachta nuashonraithe a bhféadfadh cleachtóirí iad a úsáid. Leasaíodh Prionsabail an Phrótacail freisin chun an breithiúnas i gcás Chambers a chur san áireamh. Tá obair á déanamh ag an gcoiste maidir le hathbhreithniú ar chlásal 'Laghdú Díbhinní' an Phrótacail, i gcomhthéacs an chostais mhéadaithigh maireachtála agus na gcaiteachas maireachtála réasúnach leasaithe. Ina theannta sin, tá Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas ag céim an athbhreithnithe bhliantúil á bhreithniú fós.

> *Cartlannaítear na nuachtlitreacha do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus tá siad ar fáil tríd an tairseach forbartha gairmiúla do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta.*

An rChoimre do Gheallsealbhóirí

Foilsíodh rChoimre do gheallsealbhóirí i mí Dheireadh Fómhair. Tá an rChoimre ar cheann de na príomh-mhodhanna cumarsáide idir an tSeirbhís Dócmhainneachta agus an mórphobal geallsealbhóirí. San rChoimre, a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta, tugtar forbhreathnú beacht ar na gníomhaíochtaí atá ar bun laistigh den tSeirbhís Dócmhainneachta agus ar fhorbairtí tábhachtacha eile ar mhaithe le forbairt leanúnach an chreata dócmhainneachta pearsanta a éascú. Go háirithe, achoimrítear san rChoimre na mionsonraí is tábhachtaí faoi na breitheanna a tugadh i gcásanna cúirte ábhartha chun aird a tharraingt ar theacht chun cinn na réiteach reachtúil le himeacht ama agus ar shaincheisteanna ar ábhair spéise iad, agus tugtar naisc dhíreacha chuig breithiúnais scríofa ón gcúirt inti freisin.

An Nuachtlitir do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

Eisíodh nuachtlitir do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta i mí Mheán Fómhair 2022. Eisítear na nuachtlitreacha sin le ríomhphost chuig gach cleachtóir údaraithe dócmhainneachta pearsanta agus úsáidtear iad chun cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna beartais agus teicniúla agus faoi mhíreanna praiticiúla i dtaca le teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta, go háirithe trína córas bainistíochta cásanna. Cartlannaítear na nuachtlitreacha do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus tá siad ar fáil tríd an tairseach

> *Chomhordaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta sraith cruinnithe idirphlé leis na príomhiasachtóirí miondíola, na príomhsheirbhíseoirí creidmheasa miondíola agus na príomhchistí miondíola le linn na bliana 2022.*

forbartha gairmiúla do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta. Is é an aidhm atá leis an tairseach agus leis na nuachtlitreacha gníomhú mar stór faisnéise do gach cleachtóir, lena n-áirítear iad sin a údaraíodh le déanaí.

Cruinnithe Údarúcháin agus Athnuachana le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

Is é an t-eatramh údarúcháin do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta ná trí bliana. Bhí seacht gcleachtóir dócmhainneachta pearsanta is daichead[4] le hathnuachan le linn na bliana. Díobh sin, d'athnuaigh trí chleachtóir dócmhainneachta pearsanta is tríocha a n-údarú, chinn dháréag gan athnuachan a lorg agus tá dhá iarratas á n-athbhreithniú. Údaraíodh beirt aonair as an nua chun gníomhú mar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta sa bhliain 2022 tar éis próiseas a raibh i gceist leis cruinniú amháin ar a laghad a sheoladh le Rannóg Rialála na Seirbhíse Dócmhainneachta. Tá samhlacha difriúla oibriúcháin in úsáid ag cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus, in imthosca inar cuireadh níos lú ná trí Chomhshocraíocht ar cheadaigh an chúirt iad i bhfeidhm sa tréimhse trí bliana roimhe, iarradh ar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta ar mhian leo a n-údarú a athnuachan sa bhliain 2022 bualadh le Rannóg Rialála na Seirbhíse Dócmhainneachta. Ba é cuspóir na gcruinnithe sin a dhéanamh amach an amhlaidh nó nach amhlaidh is leordhóthanach agus i bhfeidhm atá na hacmhainní (acmhainn airgeadais san áireamh), na beartais, na nósanna imeachta, na córais agus na rialuithe a theastaíonn chun go gcomhlíonfaidh cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a n-oibleagáidí faoin Acht agus na rialacháin arna ndéanamh faoin Acht. De bhreis air sin, bhí na cruinnithe sin ina ndeis le haghaidh caidreamh a chothú tuilleadh agus plé a dhéanamh ar na hábhair spéise nó imní a bhí ag an bpobal cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus ag an mórphobal. Cuireadh trí chruinniú is fiche den sórt sin ar siúl sa bhliain 2022. Ina theannta sin, d'iarr cleachtóir dócmhainneachta pearsanta amháin go scoirfí dá (h) údarú roimh an dáta athnuachana.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

I mí an Mhárta, ghlac an tSeirbhís Dócmhainneachta páirt in imeacht oiliúna a bhí dírithe ar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a údaraíodh tamaillín roimhe sin. D'óstáil Cumann na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta an t-imeacht sin. Leagadh béim go háirithe ar 'aithne a bheith acu' ar an bhféichiúnaí, ar dhícheall cuí agus ar ról an chleachtóra dócmhainneachta pearsanta mar idirghabhálaí neamhspleách.

I gcomhairle leis an tSeirbhís Dócmhainneachta, shainaithin Cumann na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta roinnt réimsí a bhféadfaí díriú orthu le linn forbairt ghairmiúil leanúnach do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta. Ina theannta sin, reáchtáil an Cumann clár cuimsitheach seimineár Gréasáin le linn na bliana, ar cuireadh a bhformhór ar siúl idir mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair. Taifeadadh na seimineáir Ghréasáin sin chun go mbeadh rochtain éasca ag cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta orthu ina dhiaidh sin tríd an tairseach forbartha gairmiúla atá i bhfeidhm. Ar na topaicí a pléadh bhí an frithsciúradh airgid agus an Próiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga.

Teagmháil leis an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS)

Leanann an tSeirbhís Dócmhainneachta le hidirghníomhú le MABS trí scéim Abhaile a riar mar chroí-gheallsealbhóir dá chuid. I mí an Mhárta, thug an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh cuireadh don tSeirbhís Dócmhainneachta chun láithreoireacht a thabhairt do chomhghleacaithe MABS maidir le tréimhse maoirseachta na bhFógraí Faoisimh Fiachais mar chuid de sheimineár Gréasáin earraigh MABS. I mí

na Bealtaine, d'fháiltigh an tSeirbhís Dócmhainneachta roimh chomhghleacaithe MABS isteach ina hoifigí chun plé a dhéanamh, go háirithe, ar mhéadú sa líon féichiúnaithe a bhaineann leas as Fógraí Faoisimh Fiachais a éascú trí ghníomhaíochtaí cur chun cinn agus trí oiliúint a chur ar idirghabhálaithe ceadaithe.

Teagmháil le Creidiúnaithe

Chomhordaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta sraith cruinnithe idirphlé leis na príomhiasachtóirí miondíola, na príomhsheirbhíseoirí creidmheasa miondíola agus na príomhchistí miondíola le linn na bliana 2022. Ba é cuspóir na gcruinnithe sin ná aiseolas a bhailiú faoi chur chun feidhme fhorálacha Acht 2012 agus díospóireacht a éascú ar na nithe a théann i bhfeidhm ar an gcreat dócmhainneachta pearsanta de réir mar a fhorbraítear é. Is é aidhm na gcruinnithe idirphlé tráthrialta sin ná teagmháil oscailte a chinntiú chun feabhsú an chreata a éascú, bunaithe ar threochtaí agus ar aiseolas. San 'Anailís Iniúchta Dhomhain' ar Abhaile, atá leagtha amach níos luaithe sa tuarascáil seo, is féidir a fheiceáil gur ag leanúint ar aghaidh atá an ról méadaitheach atá á imirt ag cistí le blianta beaga anuas maidir leis na Comhshocraíochtaí a ceadaíodh.

Lean an tSeirbhís Dócmhainneachta le hidirchaidreamh a dhéanamh le Banc Ceannais na hÉireann agus le Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann chun dul chun cinn a dhéanamh ar chláir ábhartha oibre.

Teagmháil le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

Cuireadh ar siúl idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine sraith cruinnithe idirphlé dhírithe idir an tSeirbhís Dócmhainneachta agus na deich gcleachtas cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta is gníomhaí ó thaobh an lín comhshocraíochtaí de. Díríodh sa phlé go háirithe ar nithe straitéiseacha ar ábhair spéise frithpháirtí iad agus ar thionchar na nithe sin ar an gcreat dócmhainneachta pearsanta, lena n-áirítear an dóigh a gcuirtear réitigh reachtúla fiachais chun cinn.

Michael McNaughton, Stiúrthóir na Seirbhíse Dócmhainneachta, agus aitheasc á thabhairt aige do chomhdháil Chumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta in Stratford Upon Avon, an Ríocht Aontaithe

Ghlac an tSeirbhís Dócmhainneachta páirt i gcruinniú cinn bliana Chumann na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta i mí Mheán Fómhair freisin.

Cumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta

Lean an tSeirbhís Dócmhainneachta le dul i dteagmháil le Cumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta chun coinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna idirnáisiúnta i réimse na dócmhainneachta pearsanta, mar aon le leas a bhaint as na deiseanna líonraithe a bhí ann chun dea-chleachtais a chomhroinnt. I mí Mheán Fómhair, ghlac an tSeirbhís Dócmhainneachta páirt i gcomhdháil agus cruinniú cinn bliana Chumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta, a cuireadh ar siúl sa Ríocht Aontaithe.

Teagmhálacha Eile

Údaráis Áitiúla

Le linn na bliana, bhí an tSeirbhís Dócmhainneachta i dteagmháil leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun modúl oiliúna a fhorbairt do chomhghleacaithe údaráis áitiúil maidir leis an gcreat dócmhainneachta pearsanta agus leis an bpróiseas dócmhainneachta pearsanta chun cur leis an tuiscint atá acu ar an ról atá ag údarás áitiúil mar chreidiúnaí sa phróiseas. Maidir leis na láithreoireachtaí, ar thug an tSeirbhís Dócmhainneachta agus roinnt cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta iad, soláthraíodh iad trí roinnt seimineár Gréasáin a cuireadh ar siúl i mí an Mheithimh agus i mí Iúil.

Cláraitheoirí Contae

I mí na Samhna, thug an tSeirbhís Dócmhainneachta agus ionadaí do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta láithreoireacht do ghrúpa cláraitheoirí contae (ar chláraitheoirí contae nua iad roinnt díobh) chun faisnéis chúlra a thabhairt dóibh faoin bpróiseas dócmhainneachta pearsanta ionas go mbeadh siad in ann tarchur a dhéanamh ar iasachtaithe a thagann os a gcomhair sna cúirteanna i ndáil le hiarratais ar athshealbhú.

10 An tEolas Corparáideach is Déanaí

Soláthar Foirne

Tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta riachtanas oibriúcháin le 86.5 ball foirne. Agus patrúin oibre á gcur san áireamh, bhí 78.8 coibhéis lánaimseartha fostaithe sa tSeirbhís Dócmhainneachta ag an 31 Nollaig 2022. Léirítear sa tábla thíos an líon ball foirne (mar choibhéisí lánaimseartha) agus iad miondealaithe ina rannóga difriúla:

Miondealú Rannóige	
Stiúrthóir	1
Féimheacht	37.5
Bainistíocht Cásanna	25
Beartas agus Rialáil	8.8
Seirbhísí Dlí	1
Gnóthaí Corparáideacha	5.5
Iomlán	78.8

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Gan aon bhord reachtúil a bheith aici, tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta foireann ardbhainistíochta a thagann le chéile faoi chathaoirleacht ag an Stiúrthóir. Is é ról na foirne ceannaireacht, treo, tacaíocht agus treoir straitéiseach a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus tiomantas a chothú do na croíluachanna, na croíbheartais agus na croíchuspóirí atá aici. Bhí 12 chruinniú ag an bhfoireann ardbhainistíochta sa bhliain 2022. Nuair nach raibh comhalta in ann bheith i láthair ag cruinniú, d'fhreastail ionadaí air ina (h)áit i bhformhór na gcásanna.

An Líon Cruinnithe de chuid na Foirne Ardbhainistíochta ar Freastalaíodh Orthu	
Michael McNaughton	12
Trevor Noonan	11
Liza Doyle	11
John Phelan	11
Ian Larkin	12

Mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta struchtúir chuimsitheacha agus nósanna imeachta cuimsitheacha rialachais chorparáidigh a ghlacadh chun a chinntiú go gcuireann sí ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh i bhfeidhm ar aon dul leis na ceanglais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Chloígh an tSeirbhís Dócmhainneachta le gach nós imeachta cuí don bhliain 2022 i ndáil le tuairisciú airgeadais, le hiniúchóireacht inmheánach, le soláthar agus le diúscairtí sócmhainní. Tá cuntais agus rialuithe inmheánacha na Seirbhíse Dócmhainneachta faoi réir iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Tá an dóigh a riartar eastáit féimheachta faoi réir athbhreithniú neamhspleách freisin, agus eisítear tuarascáil bhliantúil chuig an Ard-Chúirt ina leith. Chomhlíon an tSeirbhís Dócmhainneachta na hoibleagáidí uile atá uirthi faoin dlí cánachais.

Chloígh an tSeirbhís Dócmhainneachta le gach nós imeachta cuí don bhliain 2022 i ndáil le tuairisciú airgeadais, le hiniúchóireacht inmheánach, le soláthar agus le diúscairtí sócmhainní.

Comhaontú Maoirseachta

Bhí an tSeirbhís Dócmhainneachta agus an Roinn ina bpáirtí i gComhaontuithe Maoirseachta agus Soláthar Feidhmíochta don bhliain 2022. Doiciméadaítear sna comhaontuithe sin leibhéal comhaontaithe seirbhíse idir na páirtithe. Leagtar amach iontu na gealltanais faoi seach ar cheart feidhmíocht a thomhas ina n-aghaidh agus tacaítear leo leis an misean atá curtha in iúl sa Phlean Straitéiseach ón tSeirbhís Dócmhainneachta, is é sin: daoine dócmhainneacha a dhéanamh sócmhainneach arís agus iad a fhilleadh ar pháirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch.

An Cód Caiteachais Phoiblí

Ar fud na bliana, lean an tSeirbhís Dócmhainneachta ar aghaidh ag cloí le bearta infheidhme an Chóid Caiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2022	Buiséad €'000	Caiteachas €'000	Difríocht €'000
Pá	4,849	4,385	464
Neamhphá	2,800	2,201	599
Iomlán	7,649	6,586	1,063

Maidir leis na coigiltí €1.063 milliún a bhí ann i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh, tháinig siad chun cinn de bharr moilleanna ar fholúntais foirne a líonadh agus de bharr coigiltí costais in dhá thionscadal TF a cuireadh i gcrích faoi bhun an bhuiséid sa bhliain. Tháinig siad chun cinn freisin toisc gur iarchuireadh caiteachas beartaithe ar thionscadal breise TF le haghaidh córas nua bainistíochta cásanna féimheachta go dtí an bhliain 2023, rud a d'eascair as dáta moillithe le haghaidh an tionscadal a chur i gcrích.

Bainistíocht Riosca

Feidhmíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta beartas foirmiúil bainistíochta riosca agus tá clár rioscaí i bhfeidhm aici, i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é an aidhm atá leis an gclár rioscaí ná a chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus go ndéanfar na bearta maolaitheacha cuí nuair is gá. Athbhreithnítear an clár rioscaí ar bhonn míosúil ag cruinniú na Foirne Ardbhainistíochta.

Ina theannta sin, tagann an Coiste Riosca le chéile ar bhonn ráithiúil faoi chathaoirleacht ag an Stiúrthóir chun an clár a athbhreithniú agus chun aon leasuithe riachtanacha a chomhaontú. Agus iad ag léiriú na bpríomhthosaíochtaí de chuid na heagraíochta, ba iad seo a leanas na príomhrioscaí féideartha ar bhainistigh an tSeirbhís Dócmhainneachta iad sa bhliain 2022:

- Oiriúnú do thimpeallacht oibre ina rabhthas ag obair go cianda den chuid is mó; agus
- Roinnt mórthionscadal TF a tosaíodh le linn na bliana a cheadú agus a bhainistiú.

Saoráil Faisnéise

Lean an tSeirbhís Dócmhainneachta ar aghaidh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá uirthi faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Dhéileáil an tSeirbhís Dócmhainneachta le sé iarraidh Saorála Faisnéise sa bhliain 2022.

Cosaint Sonraí

Cosnaíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta iomláine na sonraí a sholáthraíonn úsáideoirí ár seirbhísí agus tríú páirtithe dúinn. Sa bhliain 2022, thugamar faoi oiliúint foirne chun cabhrú lena chinntiú go leanaimid leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá orainn a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad sin faoi Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí. Thug an tSeirbhís Dócmhainneachta freagra ar dheich n-iarraidh faoi chearta ábhar sonraí sa bhliain.

Nochtadh Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear ar an tSeirbhís Dócmhainneachta tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar an líon nochtaí cosanta a rinneadh dó agus ar an mbeart, dá mb'ann, a rinneadh mar fhreagairt do na nochtaí cosanta sin. Níor tugadh fógra don tSeirbhís Dócmhainneachta faoi aon nochtaí cosanta sa bhliain.

Cairt Custaiméirí

Tá an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí atá i bhfeidhm ag an tSeirbhís Dócmhainneachta ar fáil ar a suíomh Gréasáin ag www.gov.ie/isi. Leagtar amach sa chairt na caighdeáin seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil leo ón tSeirbhís Dócmhainneachta. Ní bhfuarthas aon ghearáin faoin gCairt um Sheirbhís do Chustaiméirí sa bhliain 2022.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2022

Ní mór don tSeirbhís Dócmhainneachta tuairisc a thabhairt gach bliain ar úsáid fuinnimh a hoifige agus ar na tionscnaimh a rinneadh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh. Leagtar amach sa tábla thíos an tuairisceán a chuir an tSeirbhís Dócmhainneachta faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) de réir I.R. Uimh. 426 de 2014.

	Leictreachas (MPRN)	Gás (GPRN)
2022	170,481 kWh	38,932 kWh
2021	306,775 kWh	209,183 kWh

San am i láthair, tá an tSeirbhís Dócmhainneachta lonnaithe i bhfoirgneamh atá á ligean ar cíos ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Áitíonn sí dhá cheann de na ceithre urlár. Tá méadar aonair do Ghás agus do Leictreachas araon ann san fhoirgneamh.

DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Líne Faisnéise:
01 764 4200 / +353 1 764 4200

Saorthéacs: Saorthéacsáil 'ISI' chuig 50015 nó Saorthéacsáil GETHELP chuig 50015

Ríomhphost: info@isi.gov.ie press@isi.gov.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.gov.ie/isi

www.backontrack.ie

Facebook:
https://www.facebook.com/backontrack.ie

Twitter: @ISIbackontrack

12 Aguisín 1 Cás-Staidéir

Cás-Staidéar 1: Féimheacht

Comhúinéir réadmhaoine tráchtála ba ea Kevin, i gcomhpháirt le triúr úinéirí eile, a chéile san áireamh, a d'oibrigh a ngnólacht ón réadmhaoin. Theip ar phósadh Kevin, ar an drochuair, agus ní raibh sé in ann teacht ar chomhréiteach leis na húinéirí eile maidir lena sciar den réadmhaoin a cheannach amach. Chomh maith leis sin, bhí fiach suntasach air leis an aon institiúid airgeadais amháin, agus é ina ainm aonair.

Chuaigh Kevin isteach i bhféimheacht tar éis dó teip air teacht ar chomhréiteach foriomlán lena bhanc. Dá bharr sin, bhí an deis aige a dheacrachtaí airgeadais a chur i leataobh agus cuireadh deireadh leis an strus a bhí i gceist le déileáil lena chreidiúnaithe ar bhonn leanúnach.

Bhí Kevin an-bhuíoch as an tseirbhís a fuair sé ó oifig an tSannaí Oifigiúil agus bhí an-áthas air deireadh an phróisis a shroicheadh tar éis deich mbliana a chaitheamh ag déileáil lena fhadhbanna airgeadais.

11.2 Cás-Staidéar 2: Fógra Faoisimh Fiachais – Leas á bhaint ag féichiúnaí as alt 36 den Acht tar éis athrú imthosca

Gerry, a chuaigh isteach i bhFógra Faoisimh Fiachais, rinne sé teagmháil leis an tSeirbhís Dócmhainneachta ocht mí tar éis thús na comhshocraíochta chun a chur in iúl gur ghlac sé le fostaíocht tar éis tréimhse fhada dífhostaíochta. Bhí sé sin ar aon dul leis na hoibleagáidí a bhí air faoi alt 36 den Acht, ina leagtar amach na coinníollacha nach mór cloí leo i dtréimhse maoirseachta trí bliana an Fhógra Faoisimh Fiachais. Ba é a bhí sa phost ná post tuarastail a raibh sochair phinsin agus bónais ráithiúla d'fhostaithe ag gabháil leis, agus b'ionann é agus méadú suntasach ina ioncam os cionn leibhéal a Chaiteachas Maireachtála Réasúnach. D'iarr an tSeirbhís Dócmhainneachta ar Gerry cóipeanna dá dhuillíní pá agus dá ráitis bhainc a sheoladh isteach chun go mbeadh an tSeirbhís Dócmhainneachta in ann an méadú san ioncam agus an tsuim a bhí dlite do na creidiúnaithe a ríomh. Meánaíodh an t-ioncam ó na bónais ráithiúla amach thar thrí mhí na ráithe agus cuireadh an figiúr iarmhartach leis an ioncam míosúil, in ionad é a mheas a bheith ina bhronntanas nó ina íocaíocht.

Cuireadh na ríomhanna sin i gcrích agus seoladh litreacha íocaíochta dlite chuig Gerry. Tar éis bliain amháin agus sé mhí a chaitheamh i mbun fostaíochta agus i mbun íocaíochtaí a dhéanamh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta, ghlan Gerry 50%, beagnach, dá dhliteanais iomlána. Ba go deonach ansin a d'íoc Gerry an tsuim bheag a bhí fágtha chun 50% dá dhliteanais a shroicheadh, rud a chuir ar a chumas a Fhógra Faoisimh Fiachais a chur i gcrích 11 mhí roimh am, ós rud é gur éirigh leis leath a dhliteanas iomlán a ghlanadh.

11.3 Cás-Staidéar 3: Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta

Chuaigh Deirdre, bean cholscartha dhífhostaithe ina caogaidí, isteach i gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta. Ba é an t-áras teaghlaigh, a bhí faoi réir morgáiste, an t-aon sócmhainn amháin a bhí aici. Bhí tréimhse dhoiligh aici maidir lena fiacha toisc go raibh sí dífhostaithe ó bhí an bhliain 2007 ann. Bhí a hiarfhear céile ina ábhar do roinnt cásanna cúirte. Chomh maith leis sin, thóg sé a chomhchoigilteas ar fad amach leis, ní dhearna sé roinnt íocaíochtaí fiachais a mheas sí a bheith íoctha agus d'fhág sé an tír. Tá sí colscartha óna hiarfhear céile anois agus fágadh í gan a bheith ábalta cur suas le méid a féich, a bhí os cionn €500,000. Bhí na fiacha uile ina gcíor thuathail agus ghnóthaigh na creidiúnaithe breithiúnais cheana féin.

Bhuail Deirdre le cleachtóir dócmhainneachta pearsanta, a mheasúnaigh a cás agus a mhol di go mbeadh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta ar an réiteach is oiriúnaí dá himthosca agus go gcuirfí ar a cumas leis an gcomhshocraíocht sin an t-áras teaghlaigh a choinneáil.

Ba é togra na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta sin ná an morgáiste a athstruchtúrú go 22 bhliain ag ráta athraitheach caighdeánach chun go bhféadfaí na híocaíochtaí caipitil iomláin agus úis a dhéanamh ón ioncam a bhí ar fáil ag an triúr ball den teaghlach, mar a bhí Deirdre, a hiníon agus a páirtnéir nua.

Athmheasúnaíodh luach an árais agus aimsíodh go raibh an morgáiste i gcothromas diúltach – rud a d'fhág nach raibh aon chothromas ann do na breithiúnais urraithe (a thagann tar éis an mhorgáiste san ord tosaíochta). Ba mar thoradh air sin a aicmíodh na fiacha sin mar fhiacha neamhurraithe, ar ina leith a rinneadh díbhinn de chéatadán den airgead a bhí dlite a íoc leis na creidiúnaithe sin chun an fiach a ghlanadh go hiomlán. Leis an gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta seo, tairgeadh comhréiteach cóir cothromasach ar chomhaontaigh na creidiúnaithe uile leis. Mhair an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta sé bliana agus ba mar thoradh uirthi a bhí sí sócmhainneach arís, le linn cur ar a cumas an t-áras teaghlaigh a choinneáil.

13 Aguisín 2

Tuilleadh Mionsonraí agus na Príomhstaitisticí – Fógraí Faoisimh Fiachais, Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta



12.1 Laghdú 6% ar an líon Deimhnithe Cosantacha sa bhliain 2022

Bhí laghdú beag le feiceáil sa líon Deimhnithe Cosantacha ar eisigh na Cúirteanna iad sa bhliain 2022, ó 1,221 cheann go 1,151 cheann. Maidir leis an laghdú sa líon iarratas a rinneadh agus a eisíodh le linn phaindéim Covid-19, tá sé ag leanúint le héifeacht iarmhartach a bheith aige ar an líon Deimhnithe Cosantacha a eisíodh sa bhliain 2022, de réir mar a leanann cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta ar aghaidh á mheasúnú cé acu is gá nó nach gá d'fhéichiúnaithe iarratais a dhéanamh i roinnt cásanna go dtí go socraíonn imthosca féichiúnaithe síos go pointe éigin. Tá an figiúr sin ar cheann de na príomhtháscairí ar an líon féichiúnaithe a dhéanfaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta le himeacht ama.



12.2 Laghdú 9.8% ar an líon Comhshocraíochtaí ar cheadaigh an Chúirt iad sa bhliain 2022

Laghdaigh an líon Comhshocraíochtaí ar cheadaigh na Cúirteanna iad sa bhliain 2022, ó 1,193 cinn go 1,076 cinn. Tá baint ag an laghdú sin leis an laghdú ar an líon iarratas a cuireadh faoi bhráid na Seirbhíse Dócmhainneachta i bhfianaise forbairtí a tháinig as paindéim Covid-19. Mar sin féin, is eol don tSeirbhís Dócmhainneachta ó fhreastal ar éisteachtaí Cúirte a bhaineann le halt 115A agus ó na cúiseanna le cásanna a chur ar atráth agus a tharraingt siar a thabhairt ar aird gurb amhlaidh, maidir lena lán cásanna a bhí le breithniú ag na Cúirteanna ar dtús, a socraíodh iad trí idirbheartaíocht le creidiúnaithe. Ba é sin ba chúis le laghdú féideartha i gcomhshocraíochtaí réitigh fiachais gan a bheith á thaifeadadh i staitisticí oifigiúla ar cheadaigh an Chúirt iad.



12.3 Feidhmíocht Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta, 2022

30
an líon cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a bhí freagrach as 875 Chomhshocraíocht, cothrom le 99% de na Comhshocraíochtaí Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta uile (Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta)

20
an líon cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a bhí freagrach as 809 gComhshocraíocht, cothrom le 92% de na Comhshocraíochtaí Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta uile (Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta)

10
an líon cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta a bhí freagrach as 635 Chomhshocraíocht, cothrom le 72% de na Comhshocraíochtaí Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta uile (Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta)

14 Aguisín 3 Tuilleadh Mionsonraí agus na Príomhstaitisticí – Féimheacht

13.1 Miondealú ar Réadú Féimheachta

Fáltais ó Thalamh agus Foirgnimh	€7,150,483.80
Tiontú Pleananna Pinsean ina nAirgead	€1,922,511.08
Fáltais ó Fhiacha Dlite agus ó fhoinsí eile	€1,131,247.73
Ioncam cíosa ó réadmhaoine	€524,983.54
Orduithe Íocaíochta Ioncaim	€403,976.04
Díol Urrús	€333,991.27
	€11,467,193.46

13.2 Réadú Sócmhainní

Réadaíodh sócmhainní dar luach €11.4 milliún nó mar sin ina 412 eastát féimheachta. Fuarthas €4.3 milliún ó shócmhainní inaistrithe a dhíol agus réadaíodh €7.1 milliún ó shócmhainní do-aistrithe a dhíol.

13.3 Imscrúduithe agus Aisghabháil Sócmhainní

Is é atá i bhféimheacht ná próiseas ina dtugtar faoiseamh fiachais d'fhéimhigh agus ina n-aistrítear a sócmhainní go léir chuig an Sannaí Oifigiúil ag an am céanna. Chun sláine an chórais a chothabháil, caithfidh féimhigh nochtadh iomlán a dhéanamh agus comhoibriú leis an Sannaí Oifigiúil. Leanfaidh an Sannaí Oifigiúil seo dá bheartas um aisghabháil aon sócmhainní neamhdhearbhaithe a shaothrú go bríomhar.

Rinneadh 185 imscrúdú le linn na bliana 2022. I roinnt mhaith cásanna, sainaithníodh in imscrúduithe go raibh sócmhainní neamhnochta ann, lenar áiríodh cuntais bhainc, carranna, réadmhaoine, ioncam cíosa agus aistrithe sócmhainní roimh fhéimheacht (tháinig réadú ar mhó a luach ná €6 mhilliún sa bhliain 2022 chun cinn mar thoradh ar na himscrúduithe sin).

13.4 Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

Cuireadh Foireann Forfheidhmithe agus Comhlíonta ar bun chun na cúraimí seo a leanas a chomhlíonadh: cásanna creidiúnaí achainíoch a bhainistiú; réadmhaoine a bhfuil leas cíosa ag an Sannaí Oifigiúil iontu a bhainistiú; sócmhainní féimheachta a iniúchadh agus gabháil sócmhainní a dhéanamh in situ; a chinntiú go gcomhlíonfaidh féimhigh téarmaí a bhféimheachta; agus a chinntiú go gcomhoibreoidh siad go hiomlán leis an Sannaí Oifigiúil. Le linn na bliana 2022, ba iad nósanna imeachta i gcás neamh-chomhoibriú ba chúis le horduithe fadaithe téarma féimheachta i 16 chás. Maidir leis na 16 ordú sin, orduithe eatramhacha a bhí in ocht gcinn díobh agus orduithe deiridh a bhí in ocht gcinn díobh. Ba le haghaidh tréimhsí idir 6 mhí agus 12 bhliain a bhí téarmaí na n-orduithe fadaithe deiridh a deonaíodh.

13.5 Ordú Íocaíochta Féimheachta

Is é is Orduithe Íocaíochta Féimheachta ann ná orduithe ón gCúirt go n-íocfadh an féimheach suim shainithe ar bhonn míosúil leis an Sannaí Oifigiúil ar feadh tréimhse trí bliana ar a mhéad. Déantar méid an ordaithe a ríomh a bheith cothrom le barrachas ioncam míosúil an fhéimhigh thar na caiteachais mhaireachtála réasúnacha a cheadaítear dó/di faoi na Treoirlínte maidir le Caiteachais Mhaireachtála Réasúnacha (arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Dócmhainneachta) agus aon chaiteachais incheadaithe imthosca speisialta.

Sa bhliain 2022, cuireadh 19 nOrdú Íocaíochta Féimheachta i bhfeidhm tríd an Ard-Chúirt, rud a d'fhág go raibh meánfhigiúr míosúil a bhí cothrom le €593.93 in aghaidh an cháis á chur ar fáil le leas creidiúnaithe.

13.6 Árais Teaghlaigh/ Príomháiteanna Cónaithe Príobháideacha

Athdhílsíodh 58 gcinn d'árais teaghlaigh/ de phríomháiteanna cónaithe príobháideacha don iarfhéimheach faoin riail 3 bliana. Chuir an Rannóg Féimheachta 8 socraíocht i gcrích leis an iarfhéimheach nó le céile an fhéimhigh i dtaca leis na réadmhaoine sin. Rinne an Sannaí Oifigiúil 11 iarratas chun a leas san áras teaghlaigh/sa phríomháit chónaithe phríobháideach a dhíol sa bhliain 2022.

13.7 Íoc Díbhinní

Rinneadh díbhinní arbh ionann a n-iomlán carnach agus thart ar €1.454 milliún le 188 gcreidiúnaí i 50 cás faoi dheireadh na bliana.

13.8 Breithnithe de réir na Bliana



15 Aguisín 4 Tuilleadh Mionsonraí agus na Príomhstaitisticí – Beartas agus Rialáil

Achoimre ar Stádas na nÚdaruithe	
Cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta údaraithe ag deireadh na bliana	73
Údaruithe nua sa bhliain 2022	2
Athnuachan údaruithe sa bhliain 2022	33
Neamhathnuachan údaruithe sa bhliain 2022	12
Athnuachan údarúcháin – iarratas atá á athbhreithniú	2
Scor d'údarú roimh dhul as feidhm	1
Idirghabhálaithe ceadaithe ag deireadh na bliana	10
Daoine freagracha a bhí nasctha le húdaruithe idirghabhálaithe ceadaithe	78

De ghnáth, is ar feadh trí bliana a mhaireann údarú mar chleachtóir dócmhainneachta pearsanta. Ba sa bhliain 2013 a údaraíodh cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta den chéad uair.

16 Aguisín 5 Gluais Téarmaí

"Acht 1988"

An tAcht Féimheachta, 1988

"Acht 2012"

An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012

"Na hAchtanna Féimheachta"

Na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2015. Is féidir téacs comhdhlúite de na hAchtanna, arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, a fháil anseo.

"Na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta"

Na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 go 2021. Is féidir téacs comhdhlúite de na hAchtanna, arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, a fháil anseo.

Abhaile - an Scéim um Chabhair agus Comhairle d'Iasachtaithe a bhfuil Riaráiste Morgáiste Tí orthu

Tá Abhaile ina sheirbhís saor in aisce a bhfuil mar aidhm léi cabhrú le húinéirí tí teacht ar réiteach ar riaráiste morgáiste tí. Soláthraíonn sé raon seirbhísí chun cabhrú le daoine a bhfuil riaráiste morgáiste orthu déileáil leis an gcor agus tairgeann sé rochtain saor in aisce ar chomhairle maidir le cúrsaí airgeadais, dlí agus dócmhainneachta.

Idirghabhálaí Ceadaithe

Is é is Idirghabhálaí Ceadaithe ann ná duine nó aicme daoine atá údaraithe ag an tSeirbhís Dócmhainneachta chun tacú le féichiúnaí iarratas a dhéanamh ar Fhógra Faoisimh Fiachais. Tá liosta d'idirghabhálaithe ceadaithe ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Féimheacht

Is é is féimheacht ann ná próiseas dócmhainneachta pearsanta atá ar fáil faoi na hAchtanna Féimheachta i gcás nach féidir le duine na fiacha atá air nó uirthi a íoc. A luaithe a dhéantar féimheach de dhuine, tarlóidh sé, i bhformhór na gcásanna, go nglacfaidh oifigeach (an "Sannaí Oifigiúil") rialú ar mhaoin an duine sin agus go réadóidh sé/sí an mhaoin sin chun fiacha an fhéimhigh a íoc.

Ordú Íocaíochta Féimheachta

Is é is Orduithe Íocaíochta Féimheachta ann ná orduithe ón gCúirt go n-íocfadh an féimheach suim shainithe ar bhonn míosúil leis an Sannaí Oifigiúil ar feadh tréimhse trí bliana ar a mhéad. Déantar méid an ordaithe a mheas a bheith cothrom le barrachas ioncam míosúil an fhéimhigh thar na caiteachais mhaireachtála réasúnacha a cheadaítear dó nó di faoi na Treoirlínte maidir le Caiteachais Mhaireachtála Réasúnacha arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Dócmhainneachta.

Fógra Faoisimh Fiachais

Is é is Fógra Faoisimh Fiachais ann ná réiteach atá ar fáil do dhaoine atá ar ioncam íseal, nach bhfuil morgáiste acu agus nach bhfuil mórán sócmhainní acu. Féadfar fiacha suas go €35,000 a dhíscríobh leis an réiteach seo. Is féidir iarratas a dhéanamh air trí idirghabhálaí ceadaithe.

Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais

Cumasaítear le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais d'fhéichiúnaí a f(h)iacha neamhurraithe a ghlanadh thar thréimhse ama (cúig bliana ar a mhéad de ghnáth), ar ina diaidh a dhíscríobhfar aon iarmhéid atá fágtha. Anailís Iniúchta Dhomhain Athbhreithniú mionsonraithe a dhéantar i Ráithe 3 gach bliain ar imthosca iasachtaithe, ar thograí comhshocraíochta (más ann dóibh) agus ar na torthaí ar dhearbháin Abhaile a fuasclaíodh.

"An Roinn"

An Roinn Dlí agus Cirt.

Comhshocraíocht Fhoirmiúil/ Réiteach Foirmiúil

Na réitigh reachtúla fiachais atá ar fáil.

Comhshocraíocht Neamhfhoirmiúil/ Réiteach Neamhfhoirmiúil

Réitigh fiachais atá lasmuigh de na réitigh reachtúla atá ar fáil.

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Tá an tSeirbhís Dócmhainneachta ina comhlacht reachtúil a bunaíodh faoi Acht 2012. Tá feidhmeanna na Seirbhíse Dócmhainneachta leagtha amach in alt 9 d'Acht 2012.

Sannaí Oifigiúil

Tá an Sannaí Oifigiúil ina (h)oifigeach de chuid na Cúirte, atá lonnaithe sa tSeirbhís Dócmhainneachta. Tá sé mar fheidhm aige/aici maoin an fhéimhigh a réadú, na fiacha agus na dliteanais a fháil amach agus na sócmhainní a dháileadh de réir fhorálacha na nAchtanna Féimheachta.

Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta

Cé go bhfuil Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cosúil le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais ó thaobh fiachais neamhurraithe de, déileáiltear léi le fiacha urraithe freisin. Déantar fiacha urraithe a athstruchtúrú nó a ghlanadh le linn thréimhse na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta. Cuimsítear léi roinnt cosaintí d'fhéichiúnaithe a bhfuil riaráiste morgáiste orthu agus atá ag iarraidh a n-áras teaghlaigh a choinneáil, nuair is féidir é sin a dhéanamh.

Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta

Is é is cleachtóir dócmhainneachta pearsanta ann ná duine atá údaraithe ag an tSeirbhís Dócmhainneachta faoi Chuid 5 d'Acht 2012 chun gníomhú mar chleachtóir dócmhainneachta pearsanta. Déanann cleachtóir dócmhainneachta pearsanta idirchaidreamh idir an féichiúnaí agus a c(h)reidiúnaithe i dtaca le Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta nó le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais. Tá liosta de chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Deimhniú Cosantach

Is é is Deimhniú Cosantach ann ná deimhniú arna eisiúint ag an gcúirt lena dtugtar cosaint d'fhéichiúnaí ar chreidiúnaithe ar feadh tréimhse agus é/í ag déanamh iarratas ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta. Ní fhéadfaidh creidiúnaithe teagmháil a dhéanamh leis an duine le linn na tréimhse sin. Tríd is tríd, beidh Deimhniú Cosantach i bhfeidhm ar feadh tréimhse 70 lá ach féadfar an tréimhse sin a fhadú in imthosca teoranta.

Duine Freagrach

Tá duine freagrach ina d(h)uine aonair a sholáthróidh seirbhísí idirghabhálaí cheadaithe d'iarratasóir is comhlacht corpraithe (duine freagrach)

Caighdeán Maireachtála Réasúnach/ Caiteachais Mhaireachtála Réasúnacha

Faoi alt 23 d'Acht 2012, ceanglaítear ar an tSeirbhís Dócmhainneachta treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint i dtaobh cad is caighdeán maireachtála réasúnach agus caiteachais mhaireachtála réasúnacha ann. Úsáidtear na treoirlínte le linn measúnú a dhéanamh ar a incháilithe atá féichiúnaí d'Fhógra Faoisimh Fiachais a fháil, le linn tograí Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta a cheapadh agus le linn don Chúirt ordú íocaíochta féimheachta a dhéanamh. Is é an phríomhaidhm atá leo treo a thabhairt d'idirghabhálaithe ceadaithe agus do chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus iad ag measúnú, le haghaidh fhorálacha ábhartha an Achta, cad atá 'réasúnach' ó thaobh caighdeán maireachtála agus caiteachais mhaireachtála de. Tá na treoirlínte ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Gan aon Bhord Reachtúil a bheith aici, tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta Foireann Ardbhainistíochta a thagann le chéile faoi chathaoirleacht ag an Stiúrthóir. Is é ról na Foirne Ardbhainistíochta ceannaireacht, treo, tacaíocht agus treoir straitéiseach a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus tiomantas a chothú do na croíluachanna, na croíbheartais agus na croíchuspóirí atá aici.

16

Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022

Clár Ábhair

1	Eolas Ginearálta	41
2	Ráiteas Rialachais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	43
3	Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh	45
4	Tuarascáil na nIniúchóirí	47
5	Ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022	50
6	Ráiteas ar an staid airgeadais amhail an 31ú Nollaig 2022	51
7	Ráiteas ar shreabhadh airgid don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022	52
8	Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022	53

11 Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022

1 Eolas Ginearálta

Seoladh
Bloc 2 Teach an Fhionnuisce,
Bóthar Conyngham,
Baile Átha Cliath 8,
D08 T3CK

Foireann Ardbhainistíochta
Michael McNaughton –Stiúrthóir Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann
Ian Larkin – Sannaí Oifigiúil, an Rannán Féimheachta
Trevor Noonan – Ceann na Rannóige Cásbhainistíochta
John Phelan –Ceann na Rannóige um Rialáil, Beartas agus Gnóthaí Corparáideacha
Liza Doyle – Ceann na Seirbhísí Dlí

Uimhir Theileafóin
01 7644200

Suíomh Gréasáin
www.isi.gov.ie

Ríomhphost
info@isi.gov.ie

Iniúchóirí
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

2 Ráiteas Rialachais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Rialachas

Bunaíodh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann (an SDÉ) i mí an Mhárta 2013 faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (an tAcht). Leagann Alt 9 den Acht amach príomhfheidhmeanna an SDÉ. Tá freagrachtaí an Stiúrthóra sonraithe in Alt 11 den Acht agus áirítear leo

- Foireann, riarachán agus gnó na Seirbhíse Dócmhainneachta a bhainistiú agus a rialú go ginearálta
- A bheith freagrach don Aire as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus
- Feidhmeanna eile dá leithéid a chomhlíonadh a éilíonn an tAire nó a údaraítear faoin Acht.

Tacaíonn foireann bhainistíochta shinsearach le ról an Stiúrthóra ina cuid freagrachtaí ceannaireacht straitéiseach, tacaíocht agus treoir a sholáthar agus tiomantas do chroíluachanna, do bheartais agus do chuspóirí a chur chun cinn.

Sonraíonn Alt 17(2) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (arna leasú le hAlt 39 d'Acht na gCúirteanna agus an Dlí Shibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013), go gcoimeádfaidh an SDÉ i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt ("an tAire") le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe na cuntais go léir is cuí agus is gnách:

a) airgead a fhaigheann agus a chaith an tSeirbhís Dócmhainneachta, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe,

b) maidir le feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil faoin Acht Féimheachta 1988 nó faoi aon achtachán eile.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú san fhoirm arna gceadú ag an Aire, déanann an SDÉ:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn gnóthais leantaigh;
- sonraithe, nuair is infheidhme, gur leanadh caighdeáin chuntasaíochta faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an SDÉ freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 17(2) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012. Tá an SDÉ freagrach freisin chun a shócmhainní a chosaint agus mar sin chun bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 glactha ag an SDÉ le heisceachtaí áirithe a bhaineann go príomha leis an bhfíric nach bhfuil aon Bhord ag an SDÉ. Tá cead faighte ag an SDÉ ón Roinn urraíochta (An Roinn Dlí agus Cirt) don chur chuige seo.

An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Ní fhorálann an tAcht do Bhord agus mar gheall ar mhéid an SDÉ níor bunaíodh coiste iniúchóireachta agus riosca. Mar sin féin, tá coiste riosca bunaithe a thagann le chéile go ráithiúil chun gach riosca, rialú agus gníomh maolaithe a ghlacadh a mheas. Tá an FBS agus ionadaí AP ó gach rannóg ar an gcoiste riosca.

Faomhann an Stiúrthóir in éineacht leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach an creat bainistíochta riosca agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtacht. Aibhsítear príomhrioscaí don Roinn agus d'iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha de réir mar is cuí. Tá an Stiúrthóir agus an Roinn Dlí agus Cirt sásta go gcomhlíonann an cur chuige seo riachtanais coiste iniúchóireachta agus riosca.

Raon Sochar Iomlán Fostaithe		Líon Fostaithe	
Ó	Go dtí	2022	2021
€60,000	€69,999	4	4
€70,000	€79,999	2	5
€80,000	€89,999	5	7
€90,000	€99,999	6	2
€100,000	€109,999	1	-
€110,000	€119,999	-	-
€120,000	€129,999	-	-
€130,000	€139,999	-	-
€140,000	€149,999	-	-
€150,000	€159,999	-	1
€160,000	€169,999	1	-
Iomlán		19	19

Cuimsíonn sochair chomhiomlána fostaithe sochair ghearrthéarmacha amháin. Níor íocadh aon íocaíochtaí foirceanta, sochair, sochair iarfhostaíochta ná sochair fhadtéarmacha eile le haon fhostaí i 2022.

Costais chomhairleoireachta	2022 €	2021 €
Comhairle dlí	224,230	278,559
Eile	15,230	108,626
Iomlán	239,460	387,185

Costais dlí agus socruithe	2022 €	2021 €
Costais dlí agus socruithe	7000	-

Caiteachas taistil agus maireachtála	2022 €	2021 €
Intíre		
- Stiúrthóir	157	-
- Fostaí	3,367	136
Idirnáisiúnta		
- Stiúrthóir	990	-
- Fostaí	373	-
Iomlán	4,887	136

Caiteachas fáilteachais	2022 €	2021 €
Caiteachas fáilteachais	198	-

Sochair chomhiomlána fostaithe	2022 €	2021 €
Sochair chomhiomlána fostaithe	4,209,344	4,087,623
Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha)	79	79

Sochair fostaithe do phríomhbhainistíochta	2022 €	2021 €
Stiúrthóir - Michael McNaughton	164,641	150,370
Foireann Ardbhainistíochta	379,505	364,546
Iomlán	544,146	514,916

Tuarastal agus sochair an stiúrthóra	2022 €	2021 €
Tuarastal agus sochair an stiúrthóra	164,641	150,370

Luach na sochar scoir

Is státseirbhísigh iad foireann SDÉ agus íocfar a ndliteanais pinsin ón vóta aoisliúntais arna bhainistiú ag An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Ní théann teidlíochtaí aoisliúntais thar na socruithe caighdeánacha do státseirbhísigh.

Ráiteas comhlíonta

Ghlac an SDÉ leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Seachas mar a mhínítear thuas maidir le coiste iniúchóireachta agus riosca, bhí an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit don bhliain 2022 á gcomhlíonadh go hiomlán ag an SDÉ.

5/12/23

Michael McNaughton
Stiúrthóir
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Dáta

3 Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

1. RÁITEAS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Sonraíonn Alt 11(3) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 go ndéanfaidh an Stiúrthóir:

(a) foireann, riarachán agus gnó na Seirbhíse Dócmhainneachta a bhainistiú agus a rialú go ginearálta,

(b) beidh sé nó sí freagrach don Aire as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus

(c) cibé feidhmeanna eile (más ann) a cheanglóidh an tAire nó a húdarófar faoin Acht seo a chomhlíonadh.

Tá freagracht iomlán ar an Stiúrthóir as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú ag an SDÉ. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

2. CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimsítear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna eisiúint ag An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm san SDÉ don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

3. PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Foireann Bainistíochta Sinsearaí neamhreachtúil (FBS) i bhfeidhm ar a bhfuil an Stiúrthóir, an Ceann Féimheachta, an Ceann Bainistíochta Cásanna, an Ceann Beartais, Rialála agus Gnóthaí Corparáideacha agus an Ceann Seirbhísí Dlí. Breithnítear ar gach mórcheist straitéiseach atá os comhair an SDÉ ag cruinnithe foirmeálta den FBS a thagann le chéile go rialta.

Tá nósanna imeachta rialaithe an SDÉ faoi réir athbhreithniú ag Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt athbhreithniú ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí.

I 2020 rinne an FBS nuashonrú ar an mbeartas bainistíochta riosca a leagann amach a mhian riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an polasaí chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an SDÉ, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an SDÉ a shainaithníonn agus a thuairiscíonn ar na príomhrioscaí don SDÉ agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an SDÉ. Tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhacht. Athbhreithníonn an FBS an clár ar bhonn míosúil agus ar bhonn ráithiúil ag an gCoiste Riosca agus déantar é a nuashonrú nuair is cuí. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith. Déantar na rialuithe a thástáil go tréimhsiúil, mar atá leagtha amach sa Sceideal um Thástáil Riosca. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú;
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don FBS, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú;
- socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais;
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamhaisnéisí.

4. SOLÁTHAR

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an SDÉ chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon an SDÉ na nósanna imeachta sin i ngach cás seachas cás amháin i rith 2022. Féach thíos faoi cheisteanna rialaithe inmheánaigh.

5. ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT

Tá an SDÉ, agus monatóireacht agus athbhreithniú á dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, bunaithe ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh arna ndéanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus ar na tuairimí a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó tuarascálacha eile. Rinne an Roinn Dlí agus Cirt iniúchadh inmheánach ar éifeachtacht chóras rialaithe an SDÉ i mí Feabhra agus Márta 2023.

Deimhním go ndearna an Fhoireann Ardbhainistíochta athbhreithniú ar an 30ú Márta 2023 ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i leith na bliana dar críoch 31ú Nollaig 2022.

6. SAINCHEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2022 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

I rith 2022, tabhaíodh caiteachas de €75,137 i ndáil le seirbhísí dlí i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte soláthair. Tharla sé seo mar gheall ar mhoill le creat nua tairisceana a chur i bhfeidhm agus conradh seirbhísí dlí a bhí ann cheana a chur ar aghaidh go dtí go dtabharfar tairiscint nua chun críche. Críochnaíodh an comórtas tairisceana nua i mí an Mheithimh 2022. Cé gur leanadh leis na costais le linn na hidirthréimhse, bhí an ráta a íocadh faoin gconradh tar-rollta níos lú ná an ráta comhaontaithe sa chonradh nua.

5/12/23

Michael McNaughton
Stiúrthóir
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Dáta

4 Tuarascáil na nIniúchóirí

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Tuairim ar ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 17(3) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ag an 31ú Nollaig 2022 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas do 2022 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CII) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas rialachais agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Paul Southern
Ar son agus thar ceann
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

11 Nollaig 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Stiúrthóra

Leagann an ráiteas rialachais amach freagrachtaí an Stiúrthóra. Tá an Stiúrthóir freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 17(2) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn chuntasaíochta an ghnóthais leantaigh oiriúnach, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann sé atá riachtanach le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 17(3) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 ráitis airgeadais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na CII míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CII, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbrathfar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach nach bhfuil chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis le deireadh a chur le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- níor leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CII an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más dealraitheach ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtugaim de thátal as go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha ann nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

5 Ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	6,586	7,340
Scéim Abhaile	3	598	578
Ioncam eile	4	580	686
Ioncam iomlán		**7,764**	**8,604**
Caiteachas			
Costais Foirne	5	4,244	4,088
Riarachán	6	1,978	3,056
Scéim Abhaile	3	598	578
Táille Iniúchóireachta		13	13
Dímheas	7	542	521
Caiteachas Iomlán		**7,375**	**8,256**
Barrachas / (Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí		**389**	**348**
Curtha ar ais chuig an Roinn Dlí agus Cirt		(699)	(499)
Aistriú (chuig) / ón gcuntas caipitil	10	37	434
(Easnamh)/ Barrachas don bhliain tar éis leithreasaí		**(273)**	**283**
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag tús na bliana		543	260
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag deireadh na bliana		**270**	**543**

Áiríonn an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim coinnithe na gnóthachain agus na caillteanais go léir a aithníodh sa bhliain. Tá an ráiteas ar shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

5/12/23

Michael McNaughton
Stiúrthóir
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Dáta

6 Ráiteas ar an staid airgeadais amhail an 31ú Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'000	2022 €'000	2021 €'000	2021 €'000
Sócmhainní seasta					
Maoin, gléasra agus trealamh	7		1,877		1,914
Sócmhainní reatha					
Airgead tirim agus coibhéis airgid	8	141		265	
Infháltais	9	374		650	
		515		915	
Dliteanais reatha					
Fabhruithe		(245)		(372)	
Glansócmhainní reatha			270		543
Iomlán na glansócmhainní			**2,147**		**2,457**
ag déanamh ionadaíochta					
Cuntas caipitil	10		1,877		1,914
Cúlchistí ioncaim coinnithe			270		543
			2,147		2,457

Tá an ráiteas ar shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

5/12/23

Michael McNaughton
Stiúrthóir
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Dáta

7 Ráiteas ar shreabhadh airgid don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022

	2022 €'000	2021 €'000
Glan-sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Ioncam barrachais thar chaiteachas	389	348
Amúchadh ar dheontais chaipitiúla iarchurtha	542	521
(Méadú) / Laghdú ar infháltais	276	(29)
(Laghdú) / Méadú ar infháltais	(127)	(72)
Ranníocaíocht leis an Státchiste	(699)	(499)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	381	269
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil	(505)	(87)
(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid	**(124)**	**182**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana	265	83
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	**141**	**265**

Tá Nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



5/12/23

Michael McNaughton
Stiúrthóir
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Dáta

8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022

1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Eolas ginearálta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

Ráiteas comhlíonta agus bunús cuntasaíochta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an SDÉ don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (CTA). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin nuair a shonraítear thíos iad, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Aitheantas Ioncaim

Deontais

Tuairiscítear maoiniú Oireachtais don SDÉ, arna sholáthar ag an Roinn Dlí agus Cirt trí Chlár A – Fotheideal B.6., ar bhonn airgid thirim.

Ioncam Eile

Tuairiscítear ioncam eile ar bhonn airgead tirim faighte seachas táillí ar údarú cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus táillí athnuachana a aithnítear sa bhliain a bhfuil iarratas ceadaithe.

Ioncam Táillí

Seoltar ioncam táillí chuig an Roinn Dlí agus Cirt. Déantar é a thaifeadadh mar leithreasaí i gcabhair i gcuntais na Roinne.

Scéim Abhaile

Tugadh an scéim Abhaile isteach i 2016 chun comhairliúchán saor in aisce a sholáthar le Cleachtóir um Dhócmhainneacht Phearsanta (PDP) do dhaoine atá dócmhainneach agus a bhfuil riaráistí acu ar a morgáiste. Feidhmíonn an scéim ar chóras dearbhán agus riarann an tSeirbhís Bhuiséadaithe agus Chomhairle Airgid (SBCA) í i gcomhar leis an SDÉ. Íocann an SDÉ an PDP agus aisíocann an Roinn Coimirce Sóisialaí an íocaíocht leis an SDÉ. Déantar na speansais a thaifeadadh ar bhonn fabhraithe agus aithnítear ioncam meaitseála de réir mar a thabhaítear speansais. Tá tuilleadh faisnéise maidir le hioncam agus caiteachas ar fáil i nóta 3

Caiteachas

Próiseálann an Roinn Dlí agus Cirt gach caiteachas, lena n-áirítear párolla, agus déantar é a thaifeadadh sna ráitis airgeadais agus áirítear leis CBL, nach bhfuil in-aisghabhála ag SDÉ, nuair is infheidhme.

Sochair Fostaithe

Cuireadh tús le Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí nua ('Scéim Aonair') le héifeacht ón 1ú Eanáir 2013. Is baill den Scéim Aonair iad gach iontrálaí nua ar fhostaíocht inphinsin sa tseirbhís phoiblí ar an 1ú Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, go ginearálta, den Scéim Aonair mar atá leagtha síos sa An tAcht um Pinsin na hEarnála Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Seoltar gach asbhaint pinsin a dhéantar faoin Scéim Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Toisc gur státseirbhísigh iad foireann uile an SDÉ, íocfar a ndliteanais phinsin as Aoisliúntas Vóta 12.

Sannaí Oifigiúil

Ceanglaíonn alt 17(2A) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (arna leasú), ar an SDÉ cuntais a choinneáil a bhaineann le feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil faoin Acht Féimheachta 1988 nó faoi aon achtachán eile. Tá na cuntais seo faoi réir mhaoirseacht na Cúirte. Dá bhrí sin, ní aithníonn ráitis airgeadais an SDÉ aon idirbhearta maidir le féimhigh.

Ní cuid de na ráitis airgeadais seo iad na cuntais i leith an tSannaí Oifigiúil agus ní thagann siad faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. De réir S.I. Uimh. 464 de 2013 – na Rialachán um an Acht Féimheachta 1988 (Cuntas Sannaí Oifigiúil agus Nithe Gaolmhara) 2013 - déanann cuntasóirí neamhspleácha athbhreithniú bliantúil ar na cuntais agus eisítear Tuarascáil Cuntasóra Neamhspleách chuig an Ard-Chúirt. Aithnítear na costais riaracháin agus na táillí ábhartha maidir le hobair an tSannaí Oifigiúil sna ráitis airgeadais seo.

Forálann Acht na gCúirteanna agus an Dlí Shibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013 d'aistriú Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht chuig an SDÉ. Faoin Acht, leanann an Sannaí Oifigiúil de bheith ina Oifigeach Cúirte agus tá sé/sí neamhspleách i gcomhlíonadh a c(h)uid feidhmeanna faoin dlí.

Maoin, gléasra agus trealamh

Taispeántar maoin, gléasra agus trealamh ag an nglanluach de réir na leabhar ag dáta an aistrithe chuig an SDÉ agus déantar é a amúchadh ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach measta ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís, mar a leanas:

Troscán - 10% Líne Dhíreach

Crua-earraí & Bogearraí TF – 20% Líne Dhíreach

Trealamh Oifige - 20% Líne Dhíreach

Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil luach neamh-amúchta an ioncaim a cuireadh i bhfeidhm ar chaiteachas caipitil.

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Gnóthas Leantach

Bhreithnigh an FBS na sreafaí airgid réamh-mheasta agus an tacaíocht leanúnach ón Roinn Dlí agus Cirt, agus tá sé de thátal acu nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas SDÉ a dhliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn seo measann an FBS go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áiríonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna ghlanluacha agus ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura raibh an SDÉ in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

2. DEONTAIS OIREACHTAIS

	2022 €'000	2021 €'000
Vóta 24 - Ceartas (Clár A. – Fo-cheannteideal B.6.)	6,586	7,340

Soláthraítear maoiniú don SDÉ ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt a dhéanann gach íocaíocht thar ceann an SDÉ. Is ionann an deontas iomlán agus an tsuim a cuireadh de mhuirear ar Chuntas Leithreasa na Roinne sin.

3. SCÉIM ABHAILE

	2022 €'000	2021 €'000
Íocaíocht arna déanamh ag SDÉ	598	578
Aisíocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí	(598)	(578)
	-	-

Tugadh an scéim isteach i 2016 chun comhairliúchán saor in aisce a sholáthar le Cleachtóir um Dhócmhainneacht Phearsanta (CDP) do dhaoine atá dócmhainneach agus a bhfuil riaráistí ar a morgáiste. Is é an méid atá iníoctha le CDP do gach comhairliúchán ná €615 (€500 móide CBL ag 23%). Feidhmíonn an scéim ar chóras dearbhán agus riarann an tSeirbhís Bhuiséadaithe agus Chomhairle Airgid (SBCA) í i gcomhar leis an SDÉ. Íocann an SDÉ an CDP agus aisíocann an Roinn Coimirce Sóisialaí an íocaíocht leis an SDÉ. Ba é an líon a bhain leas as an scéim ná 972 (2021: 942).

4. IONCAM EILE

	2022 €'000	2021 €'000
Táillí iarratais údaraithe chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta	48	19
Táillí riaracháin féimheachta	18	31
Táillí réadaithe féimheachta	491	593
Táillí dáilte féimheachta	23	43
	580	**686**

Is féidir leis an SDÉ agus é ag feidhmiú a chumhachtaí faoi Ailt 3 agus 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 táillí a fhorordú maidir le húdarú agus athnuachan cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta. Tá sé seo leagtha amach i S.I. Uimh. 246 de 2013 Na Rialacháin um Údarú Cleachtóra um Dhócmhainneacht Phearsanta agus Athnuachan ar Tháillí Forordaithe Údaraithe 2013. Is é an táille iníoctha don údarú tosaigh ná €1,500 agus is é an táille iníoctha ar athnuachan údaraithe ná €1,000. Is é an téarma le haghaidh údarú cleachtóra ná trí bliana.

I rith na bliana deonaíodh údarú chun cleachtadh do 41 (2021: 16) cleachtóir dócmhainneachta pearsanta. Tá an figiúr de 41 comhdhéanta de 40 athnuachan agus 1 údarú nua.

Is féidir leis an SDÉ agus é ag feidhmiú a chumhachtaí faoi Ailt 3 agus 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 táillí a fhorordú le haghaidh iarratas ar dheimhnithe cosanta agus fógraí faoisimh fiachais. Tá na táillí seo leagtha amach i S.I. Uimh. 620 de 2015, Rialacháin an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (Táillí Forordaithe), 2015.

Faoi S.I. Uimh. 620 de 2015, tarscaoileadh go dtí an 31ú Nollaig 2017 aon táillí iníoctha leis an SDÉ i leith Iarratais um Dhócmhainneacht Phearsanta (IDP), Socruithe Socraíochta Fiachais (SSF) agus Fógraí Faoisimh Fiachais (FFF) Leasaíodh S.I. Uimh. 620 de 2015 tríd an 31ú Nollaig 2020 a chur in ionad an 31ú Nollaig 2017. Leasaíodh tuilleadh Rialachán 6 de S.I. Uimh. 620 de 2015 tríd an 31ú Nollaig 2023 a chur in ionad an 31ú Nollaig 2020.

Is féidir leis an SDÉ agus é ag feidhmiú a chumhachtaí faoi Ailt 3 agus 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (an tAcht) táillí a fhorordú a bheidh le híoc i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an tSannaí Oifigiúil faoin Acht Féimheachta 1988. Leagtar amach na táillí seo i S.I. Uimh. 465 de 2013, Rialacháin an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (Táillí Forordaithe), 2013.

Baineann na táillí le riaradh an eastáit fhéimhigh, táillí réadaithe ar dhiúscairt sócmhainní agus táillí dáileacháin ar íocaíocht díbhinne le creidiúnaithe an eastáit fhéimhigh.

Seoltar ioncam táillí chuig an Roinn Dlí agus Cirt glan ó tháillí bainc.

Chuir an Sannaí Oifigiúil táillí arbh fhiú €531,623 san iomlán ar ais chuig an SDÉ don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2022 i leith eastáit féimheach. (2021: €666,605).

5. COSTAIS FOIRNE

	2022 €'000	2021 €'000
Pá agus tuarastail	4,239	4,072
Ragobair	-	-
Liúntais	0	16
Taisteal agus liúntas cothaithe	5	-
IOMLÁN	**4,244**	**4,088**

Bhí 80 (2021: 80) ball foirne ag an SDÉ ag an 31ú Nollaig 2022. Ba ionann é seo agus 78.8 ball foirne ag an 31ú Nollaig 2022 mar líon coibhéiseach lánaimseartha (2021: 78.5).

Tobhach Pinsin

Is ionann costais tuarastail agus na costais chomhlána don SDÉ don bhliain. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt tuarastail thar ceann an SDÉ. Déanann an Roinn asbhaintí tobhaigh pinsin, de réir Alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coinnítear iad mar Leithreasaí-i-gCabhair. B'ionann sin agus €84,465 i 2022 (2021: €75,607).

6. COSTAIS RIARACHÁIN

	2022 €'000	2021 €'000
Postas agus teileachumarsáid	30	27
Soláthairtí oifige	15	9
Glanadh oifige, cothabháil agus fóntais	93	81
Tacaíocht TF	744	765
Seirbhísí ar conradh	33	113
Táillí dlí	232	279
Feachtas faisnéise poiblí	783	633
Maoiniú don Sannaí Oifigiúil (i)	-	1,100
Costais ghinearálta (ii)	48	49
IOMLÁN	**1,978**	**3,056**

(i) Níor chuir an Roinn Dlí agus Cirt aon mhaoiniú ar fáil don Sannaí Oifigiúil le linn na bliana dar críoch 31ú Nollaig 2022 (2021: €1.1m).

(ii) Ní raibh aon difríocht ama i bhfáltais Abhaile ag deireadh na bliana a chuirtear ar ais chuig an Roinn Dlí agus Cirt i 2022. Dá réir sin, níor ghá aon choigeartú cuntasaíochta. I 2021, rinneadh coigeartú cuntasaíochta chun cuntas a thabhairt ar shuim €8k ag éirí as difríocht ama i bhfáltais Abhaile dheireadh na bliana a chuirtear ar ais chuig an Roinn Dlí agus Cirt.

7. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Costas	Trealamh TF €'000	Trealamh Oifige €'000	Troscán €'000	WIP (CMS Féimheachta Nua) €'000	Córais TF €'000	Iomlán €'000
Ar an 1ú Eanáir 2022	22	9	293	81	3,102	3,507
Breiseanna	-	-	-	247	258	505
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Amhail an 31ú Nollaig 2022	**22**	**9**	**293**	**328**	**3,360**	**4,012**
Amúchadh carntha						
Ar an 1ú Eanáir 2022	20	9	252	-	1,312	1,593
Muirear don bhliain	1	-	29	-	512	542
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Amhail an 31ú Nollaig 2022	**21**	**9**	**281**	**0**	**1,824**	**2,135**
Glanluach Leabhar						
Amhail an 31ú Nollaig 2022	**1**	**-**	**12**	**328**	**1,536**	**1,877**
Ar an 1ú Eanáir 2022	**2**	**-**	**41**	**81**	**1,790**	**1,914**

Córais TF

Is éard atá sa CMS Ar Líne SDÉ nua ná córas bainistíochta cáis ar líne chun réitigh fiachais a phróiseáil agus a láimhseáil.

Is éard atá i gceist le CMS Féimheachta ná córas cásbhainistithe a dhéileálann le heastáit daoine féimheacha.

Is éard atá i gceist le CMS Féimheachta nua ná córas cásbhainistithe a dhéileálann le heastáit daoine féimheacha. Tá an córas seo fós á fhorbairt agus táthar ag súil faoi láthair gurb é R3 2023 an dáta chun dul beo. Is éard atá i gciest le hIdirnascaire Chlár Dócmhainneachta an AE ná nasc le Cláir Dhócmhainneachta Bhallstáit eile an AE chun gur féidir gach clár den sórt sin a nascadh agus a chuardach ó phointe lárnach. Chuaigh an córas seo beo ar an 1ú Aibreán 2022.

Dearadh an suíomh gréasáin Back on Track chun cúnamh a sholáthar do dhaoine a bhfuil súil acu a n-airgeadas a chur in ord. Chuaigh an córas beo ar an 11ú Iúil 2022.

8. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID

Tá cuntas bainc ag an SDÉ chun díbhinní a riaradh ó fhéichiúnaithe a bhaineann leas as Fógra um Fhaoiseamh Fiachais le haghaidh íocaíochta ar aghaidh le Creidiúnaithe. Ní mheastar na cistí a bheith ina gcuid den SDÉ agus fágadh amach iad mar sin ó na ráitis airgeadais. Is é an t-iarmhéid sa chuntas seo amhail an 31ú Nollaig 2022 ná €4,055 (2021: €28,994).

9. INFHÁLTAIS

	2022 €'000	2022 €'000	2021 €'000	2021 €'000
Féichiúnaithe	89		89	
Soláthar le haghaidh drochfhiacha	(89)	-	(89)	
Réamhíocaíocht agus infháltais eile		374		650
IOMLÁN	**-**	**374**	**-**	**650**

Is ionann féichiúnaithe agus suim atá dlite don SDÉ ó Sheirbhís Chúirteanna na hÉireann. D'íoc an SDÉ na costais ar chonraitheoir oibriú le Seirbhís Chúirteanna na hÉireann chun go mbeadh a gcórais TF ag teacht leis na córais nua a d'fhorbair an SDÉ. Ba é an méid iomlán a d'íoc an SDÉ leis an gconraitheoir ná €158,297. Sonraítear sa chomhaontú atá i bhfeidhm go ndéanfaidh an SDÉ na costais a chúiteamh trí mhéideanna a fhrithráireamh (Táillí Cúirte) a bhailíonn an SDÉ thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna. Fritháiríodh €68,610 in aghaidh na dtáillí a bhailigh an SDÉ don tSeirbhís Chúirteanna i 2014 ar shocrú fiachais agus ar shocruithe dócmhainneachta pearsanta, rud a fhágann iarmhéid de €89,687 dlite. Faoi ionstraimí reachtúla tarscaoileadh aon táillí atá iníoctha leis an SDÉ maidir le Socruithe um Dhócmhainneacht Phearsanta, Socruithe Socraíochta Fiachais agus Fógraí Faoisimh Fiachais ón 22ú Nollaig 2015 go dtí an 31ú Nollaig 2023.

10. CUNTAS CAIPITIL

	2022 €'000	2022 €'000	2021 €'000	2021 €'000
Iarmhéid ar an 1ú Eanáir		1,914		2,348
Deontas Stáit arna chur i bhfeidhm chun sócmhainní a cheannach	505		87	
Amúchadh ar dheontais chaipitiúla iarchurtha	(542)		(521)	
Aistriú ó / (chuig) cuntas ioncaim agus caiteachais		(37)		(434)
Iarmhéid ar an 31ú Nollaig		**1,877**		**1,914**

11. ÁITREABH

Feidhmíonn an SDÉ ó chóiríocht ag Bloc 2, Teach an Fhionnuisce, Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8 a bhfuil a léas íoctha ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Íocann an SDÉ muirear seirbhíse ráithiúil le OOP. B'ionann sin agus €74,211 i 2022.

12. LUACH SAOTHAIR NA STIÚRTHÓIRÍ

B'ionann luach saothair an Stiúrthóra don bhliain dar críoch Nollaig 2022 agus €164,641 (ba é an tuarastal iomlán bliantúil i 2021 ná €150,370). Íocadh €1,147 (2021: €Nialas) leis an Stiúrthóir i leith costais taistil agus chothaithe don bhliain de réir rátaí taistil agus cothabhála na Státseirbhíse. Ní théann teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí feidhmíochta i 2022.

13. GLUAISEACHT I MBARRACHAS CARNTHA

	2022 €'000	2022 €'000
Barrachas tosaigh	543	260
Barrachas / (Easnamh) don bhliain	(273)	283
Iomlán ag deireadh na bliana	270	543

14. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Tá baint ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann le himeachtaí dlí atá ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhír na ndliteanas seo éiginnte.

15. IMEACHTAÍ TAR ÉIS AN DÁTA TUAIRISCITHE

Ní raibh aon imeachtaí idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo lena n-eisiúint a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

16. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh Foireann Bainistíochta Shinsearach Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann na ráitis airgeadais ar an 22ú Samhain 2023.

ISI

Seirbhís Dóchmainneachta
na hÉireann
Insolvency Service
of Ireland

Bloc 2, Teach an Fhionnuisce, Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8, D08 T3CK
Teileafón: 01 764 4200 | Ríomhphost: info@isi.gov.ie